# Tuarascáil Bhliantúil 2022



An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Public Appointments Service

An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Public Appointments Service

# Clár na nÁbhar


**Comhréamhrá ó Chathaoirleach an Bhoird agus ón bPríomhfheidhmeannach ... 2**

**Faoin tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ... 5**

**Spriocanna Straitéiseacha agus Príomhthreochtaí in 2022 ... 6**

Spriocanna Straitéiseacha ... 6

Príomhthreochtaí in 2022 ... 8

**Barr feabhais san Earcaíocht a Sholáthar ... 10**

An Custaiméir ag croílár na hoibre - ár bpróisis agus ár ndearadh seirbhíse a fheabhsú ... 10

Gníomhaíocht Earcaíochta, 2022 ... 11

Caidreamh le Cliaint ... 19

Stádas sa Mhargadh ... 23

Tuiscint ar Dheiseanna Gairme san Earnáil Phoiblí a Chur Chun Cinn ... 23

**Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ... 27**

Sonraí, Eolas agus Tuiscint Níos Fearr ... 27

Deais Mhonatóireachta Comhionannais ... 27

Próisis, Polasaithe agus Nósanna Imeachta a Fheabhsú ... 28

Comhpháirtí iontaofa, dea-chleachtas sa CÉ&C a léiriú ... 30

**Ár nDaoine, ár nEagraíocht agus ár gCultúr a Fhorbairt ... 32**

Dearadh agus Forbairt Eagraíochta ... 32

Athchóiriú Digiteach ... 34

Ár Spásanna Oibre a Athrú ... 37

**Comhpháirtí ar féidir brath air ... 38**

Ár Seirbhís Earcaíochta agus Chomhairleach a Fhorbairt ... 38

**Rialachas Corparáideach ... 40**

Bainistíocht Riosca ... 46

Inbhuanaitheacht ... 55

**AGUISÍN I - Achoimre ar Ghníomhaíocht Earcaíochta ... 57**

**Aguisín II – Ráiteas ar an Rialú Inmheánach Airgeadais ... 61**

# Comhréamhrá ó Chathaoirleach an Bhoird agus ón bPríomhfheidhmeannach

Bhí bliain an-ghnóthach ag an eagraíocht in 2022; phróiseálamar beagnach 65,000 iarratas, rinneamar os cionn 14,000 agallamh agus rinneamar os cionn 9,000 ceapachán i róil chasta éagsúla in eagraíochtaí seirbhíse poiblí éagsúla.

Tá athbhreithniú á dhéanamh agus feabhas á chur againn ar ár modhanna measúnaithe agus roghnaithe ar bhonn leanúnach. In 2022, chuireamar críoch le tionscadal anailíse post, ina ndearnamar athbhreithniú ar na hinniúlachtaí do na gráid seirbhíse ghinearálta, ó ghrád an Oifigigh Chléireachais go grád an Phríomhoifigigh. Dá bharr seo, forbraíodh Córas Inniúlachta, ina bhfuil ceithre phríomhinniúlacht; cuirfear an córas nua i bhfeidhm in 2023.   Ina theannta sin, rinneadh obair shuntasach chun éifeachtacht a chur i bhfeidhm i bpróisis earcaíochta, agus, ag an am céanna, chun caighdeán na n-iarrthóirí a cheapaimid a choinneáil, agus forbraíodh trialacha agus measúnuithe nua (lena n-áirítear Trialacha Ilmheán Feasachta Suímh agus ceistneoirí struchtúrtha chun measúnú a dhéanamh ar thaithí do róil theicniúla ar leith).

D'fhreastalaíomar ar éilimh ó chliaint trí fheachtais nua a chur ar siúl agus chuireamar modhanna earcaíochta nua i bhfeidhm. I mí an Mhárta, sheolamar comórtas d’Oifigigh Chléireachais Shealadacha a bhfuil cumas acu san Úcráinis; cuireadh an comórtas ar siúl laistigh de thréimhse ama ghearr agus bhí suim mhór ag cliaint agus iarrthóirí ann. I mí Dheireadh Fómhair, sheolamar an próiseas earcaíochta don chlár Printíseachta TFC don Státseirbhís chun daoine ag leibhéil éagsúla a mhealladh chun bearnaí scileanna a líonadh i réimsí ar leith.

In 2022, seoladh an Mol Eolais do Chomhairligh Leighis, suíomh gréasáin ar leith a dhíríonn ar róil do chomhairligh a earcaíonn an tSCP ar son FSS; déanfar tuilleadh forbartha ar an micreashuíomh seo le linn 2023 chun a chinntiú go mbaintear na torthaí is fearr amach d’FSS agus do na hiarrthóirí ar mhaith linn a mhealladh.

Tá sé mar aidhm ag an tSCP 95% de róil a líonadh do chliaint agus baineadh an aidhm seo amach in 2022. Bíonn sé mar aidhm againn chomh maith feachtais earcaíochta a chur ar siúl laistigh den amscála a shocraítear le cliaint in 80% d’fheachtais, agus baineadh spriocanna soláthair earcaíochta amach in 73% d’fheachtais in 2022.  Bhí tionchar ag margadh fostaíochta dúshlánach agus rátaí arda laghdaithe ag gach céim den phróiseas roghnaithe ar thréimhsí ama soláthair, agus tá feachtais sa bhreis ag teastáil agus tá sé riachtanach iarrthóirí sa bhreis a phróiseáil chun folúntais a líonadh.  Tháinig méadú suntasach chomh maith ar líon na n-iarratas a rinne cliaint ar chomórtais earcaíochta in 2022, agus bhí sé sin le brath i

ngach réimse earcaíochta sa tSCP. Rinneadh athbhreithniú ar phróiseas gnó i dtaca leis an bpróiseas imréitigh agus ceapachán in 2022, chun gur féidir linn dul i ngleic leis na ceisteanna a bhaineann le héilimh agus soláthar, agus cuireadh bearta i bhfeidhm chun dul i ngleic leis na ceisteanna a aithníodh. Táimid tiomanta do sheirbhísí earcaíochta ar ardchaighdeán a chur ar fáil trínár gcóras soláthair seirbhíse a fheabhsú agus trí chur chuige a úsáid ina ndírítear ar an gcustaiméir. Agus teagmháil á déanamh lenár n-iarrthóirí agus lenár gcliaint, aithnímid go bhfuil sé tábhachtach córas a chur i bhfeidhm chun éisteacht le agus freagra a thabhairt ar aiseolas go rialta chun a chinntiú go bhfreastalaíonn ár seirbhísí, ár bpróisis agus ár réitigh dhigiteacha ar riachtanais na n-úsáideoirí. D'fhorbraíomar creat eagraíochta i dtaca le haiseolas ó chliaint agus ó iarrthóirí in 2022, agus rollfar amach é in 2023.

In 2022, bhí an-áthas orainn a fhógairt gur seoladh Gréasán Earcaitheoirí na Seirbhíse Poiblí, i gcomhar leis an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP). Is é cuspóir Ghréasán Earcaitheoirí na Seirbhíse Poiblí níos mó comhoibrithe a éascú i réimse na hearcaíochta agus na hardchaighdeáin atá i bhfeidhm sa tseirbhís phoiblí a chothabháil. Tá béim láidir ar dhea-chleachtas a roinnt sa tseirbhís phoiblí, ar dhúshláin/dheiseanna coitianta a aithint agus ar a bheith ag obair le chéile chun na daoine is fearr a mhealladh i dtreo ár n-eagraíochtaí.

Rinneamar anailís ar ár ndul chun cinn i dtaca lenár Straitéis a chur i bhfeidhm trí athbhreithniú lárphointe ar an straitéis, agus táthar ag súil leis go mbainfidh an eagraíocht na spriocanna straitéiseacha amach, cé go raibh orainn dul i ngleic le tréimhse an-dúshlánach ó forbraíodh an straitéis. Ina theannta sin, d'fhorbraíomar ár gcéad Straitéis Nuálaíochta don tSCP agus tabharfaidh an straitéis seo treoir úsáideach dúinn sna blianta atá romhainn, agus cuirfidh sí leis an gcaoi a ndéanaimid forbairt ar ár seirbhísí agus leis an gcaoi a gcuirimid ár seirbhísí ar fáil.

Tá gealltanas inár straitéis Chomhionannais, Éagsúlachta agus Chuimsithe (CÉ&C) 2021-2023 i dtaca le próifíl éagsúlachta d'iarrthóirí atá bunaithe ar shonraí agus fhianaise a fhorbairt le linn an phróisis earcaíochta. In 2022, rinneamar teagmháil leis an ITES faoin réimse seo. Tá sé i gceist againn comhdháil a eagrú go luath in 2023 chun béim a leagan agus plé a dhéanamh ar an Deais Mhonatóireachta Comhionannais agus ar chumhacht na sonraí athruithe a chur chun cinn agus cabhrú linn lucht saothair níos ionchuimsithí ina bhfuil níos mó éagsúlachta le brath a fhorbairt sa tseirbhís phoiblí. Ina theannta sin, rinneadh athbhreithniú diagnóiseach seachtrach CÉ&C ar ár nósanna imeachta agus ar ár bpolasaithe mar fhostóir agus mar earcaitheoir seachtrach don státseirbhís agus don tseirbhís phoiblí. Rinneadh os cionn 90 moladh, agus bhí cuid acu á gcur i bhfedihm cheana féin, agus thug siad sraith shoiléir de bhearta dúinn chun ár ndualgais CÉ&C a chur chun cinn go gearrthéarmach agus go meántéarmach.

Tá an tSCP tiomanta do na modheolaíochtaí agus na teicneolaíochtaí is fearr a úsaid chun daoine a earcú. Mar chuid de Thionscadal NOVA, tá sé mar aidhm againn córas earcaíochta nua a aimsiú, a cheannach agus a chur i bhfeidhm agus rinneadh dul chun cinn suntasach ar an tionscadal seo in 2022; tá sé i gceist soláthraí a aimsiú in 2023. Leanadh ar aghaidh leis an Tionscadal um Áras na Caibidle a Uasghrádú le linn 2022 agus tá sé beartaithe críoch a chur leis go luath in 2023.

Ní bheimis in ann an méid seo a dhéanamh gan an treoir agus an tacaíocht a fuaireamar ó bhaill de Bhord na SCP agus ón gCoiste Iniúchta chun a chinntiú go leanamar orainn ag cloí leis na caighdeáin rialachais is airde maidir lenár ndualgais reachtúla roghnaithe agus earcaíochta seirbhíse poiblí agus maidir le seirbhísí ar ardchaighdeán a chur ar fáil dár gcliaint agus dár gcustaiméirí i rith na tréimhse dúshlánaí seo. Táimid an-bhuíoch díobh as an gcaoi ar chuir siad lenár rath. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil lenár mbaill foirne agus le baill ár mbord roghnaithe as an obair shuntasach a rinne siad le linn 2022 agus as a bheith tiomanta do phróiseas earcaíochta ar ardchaighdeán atá neamhspleách agus bunaithe ar fhiúntas a chur ar fáil.

**Margaret McCabe, Príomhfheidhmeannach na SCP**

**Tom Moran, Cathaoirleach an Bhoird**

# Faoin tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

Is í an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (SCP) an soláthraí seirbhíse comhroinnte earcaíochta agus soláthair d'eagraíochtaí cliaint sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí. Tá an eagraíocht freagrach as iarrthóirí den scoth a aimsiú, a mheas agus a chur ar fáil do chliaint sa tseirbhís phoiblí. Reáchtálann sí réimse leathan de chomórtais earcaíochta 'oscailte' agus de chomórtais ardaithe céime 'idir-rannacha' do chliaint sa tseirbhís phoiblí. Díríonn na gníomhaíochtaí go háirithe ar iarrthóirí a aimsiú do róil sa Státseirbhís; do na róil is sinsearaí in Údaráis Áitiúla; do róil do Ghardaí faoi oiliúint agus do comórtais ardaithe céime ar leith sa Gharda Síochána; agus do phoist éagsúla bhainistíochta, feidhmiúcháin agus speisialtachta sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí. Tá ról tábhachtach ag an tSCP chomh maith maidir le daoine oiriúnacha a aimsiú do Bhoird Stáit.

Déantar earcaíocht don státseirbhís agus do roinnt foras poiblí eile faoi na hAchtanna um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004-2013. Oibríonn an tSCP faoi cheadúnas ón gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP) agus tá sí neamhspleách ina cuid oibre. Agus próisis earcaíochta agus roghnaithe á reáchtáil aici, cloíonn an tSCP leis na Cóid Chleachtais a fhoilsíonn an CCSP, a chinntíonn go bhfuil próisis atá cothrom agus oscailte i bhfeidhm. Sa chás nach bhfuil na Cóid i bhfeidhm, cloíonn an tSCP leis na príomhphrionsabail chéanna chun a feidhmeanna a chomhlíonadh.


Sa bhliain 2022, phróiseáil an tSCP os cionn 64,908 iarratas, reáchtáil siad os cionn 14,033 agallamh agus rinne siad ceapacháin i róil chasta éagsúla le heagraíochtaí cliaint éagsúla.

# Spriocanna Straitéiseacha agus Príomhthreochtaí in 2022

## Spriocanna Straitéiseacha

### Spriocanna Straitéiseacha

Léirítear spriocanna straitéiseacha na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí thíos.




Foilsíodh na spriocanna seo sa Ráiteas Straitéise (Nua) 2020-2023, a sheol an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Michael McGrath, go hoifigiúil ar an 19 Deireadh Fómhair 2020.

### Bainistíocht Straitéiseach

Rinne Oifig na gClár Straitéiseach athbhreithniú lárphointe ar an Straitéis chun a chinntiú go raibh dul chun cinn cuí á dhéanamh i dtaca le soláthar na straitéise agus chun a chinntiú go gcuirtear bearta ceartaitheacha atá ag teastáil i bhfeidhm chun a chinntiú go soláthrófar an straitéis in am. Baineadh úsáid as modheolaíocht láidir anailíse chun anailís a dhéanamh ar thacar sonraí, a forbraíodh trí chleachtadh bailithe sonraí leis an mBord Bainistíochta agus a bhfoirne.

Tá gealltanais sa ráiteas straitéise 'NUA23' maidir le torthaí a dhéanann cur síos ar na nithe a chuirfidh in iúl gur éirigh linn faoi mhí na Nollag, 2023, nuair a sholáthraímid ár spriocanna eagraíochta. In 2020, d'fhorbair Oifig na gClár Straitéiseach agus Bord Bainistíochta na SCP sraith de chomharthaí sóirt as ar féidir linn leas a bhaint chun ár ndul chun cinn a dheimhniú le linn an athbhreithnithe lárphointe. Le linn an athbhreithnithe lárphointe ar an straitéis, rinneadh anailís ar an dul chun cinn a rinneamar i dtaca leis

na spriocanna deiridh, trí úsáid a bhaint as na comharthaí sóirt chun a chinntiú go bhfuilimid ar an mbóthar ceart agus go bhfuil dul chun cinn sásúil á dhéanamh againn chun na spriocanna deiridh a bhaint amach roimh mhí na Nollag 2023.

San athbhreithniú lárphointe ar an straitéis, aithníodh an gealltanas 'NUA' a chur i bhfeidhm agus léiríodh go bhfuil an uaillmhian a léirítear in 'NUA' an-láidir sa tSCP go fóill. Rinneadh dul chun cinn suntasach i dtaca leis na trí phríomhghné agus táthar ag súil leis go mbainfidh an eagraíocht na spriocanna straitéiseacha amach, cé go raibh orainn aghaidh a thabhairt ar thréimhse an-dúshlánach ó forbraíodh an straitéis.

Déantar an Plean Straitéiseach a chothabháil ar bhonn leanúnach agus tá sé mar bhonn faoin bpróiseas Pleanála Gnó bliantúil, a thagann leis an bhféilire airgeadais anois, agus a críochnaíodh ar sprioc roimh dheireadh na bliana.

### Straitéis Nuálaíochta


D'fhorbair Oifig na gClár Straitéiseach an chéad Straitéis Nuálaíochta don tSCP. Tá sí ailínithe lenár straitéis 'NUA' agus leis an Straitéis Nuálaíochta don Státseirbhís, ina leagtar amach prionsabail agus treoirlínte a bhfuil sé de dhualgais ar fhorais earnála poiblí a leanúint nuair a bhíonn a gcuid straitéisí nuálaíochta eagraíochta féin á bhforbairt acu. Is iad seo a leanas na trí phríomhthosaíocht straitéiseacha:


- **Tosaíocht 1 – Nuálaíocht atá dírithe ar an Saoránach**
    - A chinntiú go bhfuil saoránaigh agus úsáideoirí ag croílár na nuálaíochta, chun cur lena n-eispéaras trí sholáthar seirbhíse saoráideach
- **Tosaíocht 2 – Cultúr ina bhfuil an Nuálaíocht chun cinn**
    - Cultúr a chruthú ina spreagtar gach ball foirne, ina dtugtar cumhacht dóibh agus inar féidir leo a bheith nuálach
- **Tosaíocht 3 – Nuálaíocht a Mhéadú**
    - Oibriú le hearnálacha agus le heagraíochtaí éagsúla chun éifeachtacht a bharrfheabhsú trí nuálaíochtaí a mhéadú i Seirbhís Phoiblí na hÉireann


D'fhorbair Oifig na gClár Straitéiseach teimpléad as a mbainfear úsáid do gach straitéis inmheánach san eagraíocht, agus a chinnteoidh ailíniú leis an Ráiteas Straitéise 'NUA 23'.


## Príomhthreochtaí in 2022


### Soláthar Earcaíochta ó 2019-2022







### Gníomhaíochtaí Earcaíochta Oibríochta de réir Rannóige, 2022




| | Fógraí | Iarratais | Measúnuithe | Agallaimh | Ceapacháin |
|---|---|---|---|---|---|
| Boird Stáit | 99 | 1,870 | 1,567 | 130 | 196 |
| Poist eile sa tSeirbhís Phoiblí | 15 | 304 | 187 | 99 | 13 |
| Údaráis Áitiúla | 57 | 1,966 | 2,298 | 468 | 279 |
| FSS | 254 | 830 | 620 | 542 | 210 |
| Gardaí agus Oifigigh Phríosúin | 5 | 14,878 | 9,392 | 1,886 | 1,382 |
| Státseirbhís | 162 | 45,060 | 37,310 | 10,908 | 7,521 |

# Barr feabhais san Earcaíocht a Sholáthar

| |
|---|
| **An Custaiméir ag croílár na hoibre - ár bpróisis agus ár ndearadh seirbhíse a fheabhsú** |
| **Stádas sa Mhargadh** |
| **Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú** |

## An Custaiméir ag croílár na hoibre - ár bpróisis agus ár ndearadh seirbhíse a fheabhsú

### Forbairtí maidir le Measúnuithe

Rinneadh athbhreithniú anailíse poist ar na hinniúlachtaí seirbhíse ginearálta ó leibhéal an Oifigigh Chléireachais go leibhéal an Phríomhoifigigh in 2022. De thoradh air sin, forbraíodh Creat Inniúlachta ina leagtar amach ceithre phríomhinniúlacht; Ullmhacht don Todhchaí a Fhorbairt, Soláthar atá Dírithe ar Fhianaise, Treoir agus Cumasú, agus Cumarsáid agus Comhoibriú. Cuirfear córas nua i bhfeidhm in 2023.

Le linn 2022, thug Aonad na Seirbhísí Measúnaithe (ASM) tacaíocht do réimse de chomórtais earcaíochta a reáchtáil an tSCP, lenar áiríodh ardú céime go grád an tSáirsint agus go grád an Chigire. Le linn na bliana, rinneadh obair shuntasach chun éifeachtacht a chur i bhfeidhm i bpróisis earcaíochta, lenar áiríodh céimeanna measúnaithe eile a thabhairt le chéile agus athruithe a chur i bhfeidhm i bpróisis agallaimh. Tá sé mar aidhm againn próisis níos sciobtha a chur i bhfeidhm agus, ag an am céanna, caighdeán na n-iarrthóirí a cheapaimid a choinneáil. Mar chuid d'athdhearadh próiseas, forbraíodh tástálacha agus measúnuithe nua, lenar áiríodh Tástálacha Feasachta Suímh Ilmheáin agus ceistneoir struchtúrtha maidir le taithí a mheas do róil theicniúla ar leith.

Bíonn foireann Aonad na Seirbhísí Measúnaithe dírithe ar an gComhionannas, ar an Éagsúlacht agus ar an gCuimsiú i gcónaí. In 2022, rinneadh iniúchadh ar réimse na Cóiríochta Réasúnta mar chuid den phróiseas measúnaithe. Bhí na torthaí an-dearfach agus tá bearta á gcur i bhfeidhm sna réimsí donar moladh feabhsúcháin. Bhí baint láidir ag Aonad na Seirbhísí Measúnaithe le gnéithe measúnaithe na gclár 'OWL' agus 'WAM'.

Mar chuid de chúraimí na SCP, tá sé tábhachtach dea-chleachtas a roinnt, agus in 2022 cuireadh imeachtaí éagsúla ar siúl, lenar áiríodh roinnt eolais le Coláiste na Póilíneachta sa RA, cuir i láthair do Ghréasán Comhionannais agus Éagsúlachta na hOifige Eorpaí um Roghnú Foirne (OERF), seisiún ASM a bhí dírithe ar Uasoiliúint do gach ball foirne sa tSCP, cur i láthair do Ghréasán Earcaitheoirí na Seirbhíse Poiblí a bhí dírithe

ar phróiseas earcaíochta a dhearadh, agus ghlac ASM páirt i seimineár Ahead a bhí dírithe ar dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta acu a earcú.

Tá Aonad na mBall de Bhoird (ABB) seanbhunaithe anois, agus tá próiseas taifeadta níos foirmiúla i bhfeidhm agus cuireadh oiliúint ar os cionn 150 Ball Boird le dhá bhliain anuas. Rinneadh forbairt ar an oiliúint a cuireadh ar fáil do Bhaill de Bhoird agus cuireadh próiseas bainistithe scáthaithe i bhfeidhm. In 2022, cuireadh béim mhór ar éagsúlacht na mBall de Bhoird a bhíonn páirteach ar Bhoird Agallaimh a mhéadú. Mar chuid dár ngealltanas maidir le feidhmiú mar Chomhairleoir Iontaofa, cuireadh ár modúil ríomhfhoghlama atá dírithe ar Scileanna Agallaimh ar fáil do réimse d'eagraíochtaí seirbhíse poiblí eile.

## Gníomhaíocht Earcaíochta, 2022

### Earcaíocht Ghairmiúil agus Theicniúil

Fógraíodh 113 comórtas i réimse na hearcaíochta Gairmiúla agus Teicniúla (G&T) in 2022, méadú de 48% i gcomparáid le figiúrí na bliana 2021. De bharr go ndearnadh athstruchtúrú ar réimse na hearcaíochta G&T, cuireadh feabhas suntasach ar an bpróiseas pleanála do chomórtais san aonad agus de bharr gur bunaíodh an t-aonad pleanála seo, is féidir linn róil tosaíochta a fhógairt laistigh de thréimhse ama ghearr, lena n-áirítear an comórtas do Shíceolaithe Oideachais a fógraíodh i mí na Samhna 2022. In 2022, chuir beagnach 4,000 iarrthóir isteach ar chomórtais G&T agus ceapadh 1,056 duine in eagraíochtaí cliaint.

Tá réimse na hearcaíochta G&T ag obair go dlúth le hOifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais chun róil TFC a fhógairt ar son na Státseirbhíse. De bharr an athbhreithnithe a rinneadh ar chomórtais roimhe seo, agus le súil ar an margadh fostaíochta ginearálta, reáchtáil an tSCP na comórtais seo i dtréimhse ama i bhfad níos giorra chun moilleanna a laghdú agus chun a chinntiú go raibh dea-eispéaras ag an iarrthóir agus ag an gcliant. Leanfaidh na haonaid G&T orthu ag obair le comhghleacaithe sa Mhargaíocht agus sa Chumarsáid chun na comórtais seo a chur chun cinn ar bhealach nua ar leith chun a chinntiú gur rogha iomaíoch atá sa státseirbhís sa mhargadh fostaíochta seo atá dírithe ar iarrthóirí.

Ag obair laistigh de chóras oibríochta hibrideach, d'éirigh le hAonad na hEarcaíochta Gairmiúla agus Teicniúla cothromaíocht a bhaint amach idir tosaíochtaí éagsúla in 2022, lenar áiríodh bainistíocht a dhéanamh ar an gclár oibre méadaithe agus an gá a bhí ann iarratais phráinneacha a líonadh faoi ghearrfhógra do róil a raibh tábhacht náisiúnta ag baint leo. Tháinig méadú leanúnach ar éilimh i dtaca le comórtais nua G&T a fhógairt le linn 2022, agus táthar ag súil leis go mbeidh an leibhéal céanna éilimh i gceist arís in 2023.

### Earcaíocht do Chomórtais ina mbíonn Líon Mór Iarratas (CLMI)

Ag tús nab liana 2022, tháinig líon mór iarratas ar ghráid seirbhíse ghinearálta isteach agus tháinig líon mór iarratas isteach le linn na bliana chomh maith, agus tháinig méadú de 28% ar iarratais i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

Mar aon le laghdú i líon na n-iarratas i ngach comórtas, bhí ráta ard laghdaithe i gceist maidir le grúpaí iarrthóirí ag gach céim den phróiseas. Bainfear úsaid as roinnt painéal ina n-iomláine go han-sciobtha, rud nach rabhamar ag súil leis, agus sheol an tSCP roinnt comórtas níos luaithe ná a bhí beartaithe (Oifigeach Cléireachais, Oifigeach Cléireachais Sealadach, Oifigeach Riaracháin – Gnó agus Airgeadas, agus Príomhoifigeach Cúnta) chun a chinntiú go raibh grúpaí iarrthóirí eile ar fáil.

De bharr na n-athruithe a rinneadh ar na hAonaid Imréitigh go déanach sa bhliain 2021, cuireadh feabhas suntasach ar tháirgiúlacht. Ó mhí Eanáir ar aghaidh, tháinig méadú ar líon na gceapachán a rinneadh ó mhí go mí. I mí na Bealtaine, rinneamar 788 ceapachán, méadú de níos mó ná 70% i gcomparáid le figiúrí mhí Eanáir. Tháinig laghdú ar líon na gceapachán níos déanaí i R3 de bharr tionchair shéasúraigh ar oibríochtaí agus de bharr na ndúshlán leanúnach sa mhargadh fostaíochta.

Rinne gach aonad earcaíochta i réimse na gCLMI iarracht athbhreithniú agus cuíchóiriú a dhéanamh ar phróisis chun iarrthóirí a bhogadh trí chéimeanna measúnaithe agus chun iarrthóirí a chur ar phainéil ar bhealach pras, agus, ag an am céanna, chun caighdeáin láidre mheasúnaithe a chinntiú. Cé gur cuireadh athruithe suntasacha i bhfeidhm chun feabhas a chur ar an soláthar seirbhíse, bhí an margadh fostaíochta an-dúshlánach agus bhí sé an-deacair freastal ar éilimh ó chliaint dá bharr. Seoladh feachtais fógraíochta do chomórtais d'Oifigigh Chléireachais agus d'Oifigigh Chléireachais Shealadacha ar an raidió i R4 chun ár dtionchar a mhéadú agus chun grúpaí iarrthóirí níos leithne, ina bhfuil níos mó éagsúlachta le brath, a mhealladh.

I mí an Mhárta, sheolamar comórtas d'Oifigigh Chléireachais Shealadacha a bhfuil cumas acu san Úcráinis. Cuireadh críoch leis an gcomórtas laistigh de thréimhse ama an-ghearr agus bhí suim mhór ag cliaint agus ag iarrthóirí ann. Bhí comhoibriú leanúnach ar siúl idir an tSCP agus roinnt cliant tábhachtach maidir leis an tionscnamh seo agus bhí an t-aiseolas a fuarthas ó chliaint an-dearfach. Ceapadh 196 iarrthóir agus ghlac 142 iarrthóir leis na róil a tairgeadh dóibh.

I mí Dheireadh Fómhair, sheolamar an próiseas earcaíochta don chlár Printíseachta TFC don Státseirbhís. Tá an clár á stiúradh ag Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais, ach bhí suim mhór ag roinnt eagraíochtaí sa Státseirbhís ann agus tairgfear 110 áit do dhaoine sna trí shraith. Tá sé beartaithe tús a chur leis an gclár i mí an Mhárta 2023.

Le linn na bliana, sheol aonaid na gCLMI trí chomórtas eile d'Oifigigh Chléireachais agus trí chomórtais do Phríomhoifigigh, d'Oifigigh Feidhmiúcháin, do Phríomhoifigigh Chúnta, do Thríú Rúnaithe, d'Oifigigh Riaracháin (Ghinearálta) agus d'Oifigigh Riaracháin (IGEES), d'Ardphríomhoifigigh agus d'Oifigigh Chléireachais (Baile Átha Cliath).

### Cuardach d'Fheidhmeannaigh

Déanann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí bainistíocht ar an bpróiseas cuardaigh d'fheidhmeannaigh do chliaint ag leibhéal sinsearach agus feidhmiúcháin, do chomórtais sna réimsí seo a leanas: Earcaíocht d'Fheidhmeannaigh Shinsearacha, Boird Stáit, Comhairligh Leighis, agus Earcaíoht Ghairmiúil agus Theicniúil. Cuireann aonad an Chuardaigh d'Fheidhmeannaigh seirbhís shárluachmhar ar fáil maidir le róil ardphróifíle agus róil atá deacair le líonadh sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí, trí phróiseas cuardaigh dhírithe a chur ar fáil, lena mbaineann gné idirnáisiúnta de ghnáth, chun iarrthóirí nach mbeadh eolas acu ar dheiseanna den chineál seo de ghnáth a mhealladh.

In 2022, bhain cuid mhaith de na cuardaigh a rinneadh le ceapacháin mar Chathaoirleach nó le ceapacháin tráchtála ar bhoird i ngníomhaireachtaí stáit, le poist speisialtachta do Chomhairligh Leighis agus le ceapacháin ag leibhéal feidhmiúcháin shinsearaigh.

### Earcaíocht d'Fheidhmeannaigh Shinsearacha

In 2022, reáchtálamar 57 gcomórtas ag leibhéal an fheidhmeannaigh shinsearaigh, ag leibhéal an Choiste um Cheapacháin Ardleibhéil (Ard-Rúnaí, Leas-Rúnaí, Rúnaí Cúnta, agus róil speisialtachta CCAL) agus do roinnt ról i réimsí tábhachtacha ó thaobh leas an phobail de.

### Earcaíocht do Bhoird Stáit

Maidir leis an bpróiseas do cheapacháin ar bhoird na nGníomhaireachtaí Stáit, cuireadh 77 gcomórtas ar siúl do 314 folúntas. San iomlán in 2022, bhí 45% de na ceapaithe ina bhfir agus 55% ina mná.

Thapaigh foireann na mBord Stáit sa tSCP roinnt deiseanna maidir le heolas a scaipeadh in 2022. Rinne siad cur i láthair bunaithe ar Dheiseanna ar Bhoird Stáit i réimse an Iompair ar an 3 Márta leis an Aire Iompair, Eamonn Ryan; Ken Spratt, Ard-Rúnaí; agus Liz O'Donnell, Cathaoirleach, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre. Rinne siad cur i láthair ag Fóram Rialachais an FR ar an 12 Bealtaine, ag Institiúid na Stiúrthóirí ar an 16 Meitheamh, ag Comhdháil Bhliantúil Dhlí-Chumann na hÉireann ar an 12 Deireadh Fómhair agus ag Comhlachas Tráchtála na Sionainne ar an 28 Samhain.

### Earcaíocht d'Earnáil an Chirt

Seoladh comórtas nua do Ghardaí faoi Oiliúint ar an 10 Feabhra 2022. Fuarthas os cionn 10,500 iarratas inchailithe agus tugadh cuireadh do na hiarrthóirí sin Tástálacha ar Líne a dhéanamh mar chuid de Chéim 1; bhí feitheoireacht ó chian i bhfeidhm. Rinneadh 5,180 iarrthóir na tástálacha agus d'éirigh le 4,541 acu. Ina dhiaidh sin, tugadh cuireadh d'iarrthóirí chuig Céim 2 – Cleachtadh a bhí bunaithe ar Thuairiscí a Scríobh. Cuireadh tús le Céim 3 – Agallaimh Iomaíocha – ar an 26 Iúil 2022 agus cuireadh ar siúl iad gach mí ina dhiaidh sin. Tugadh cuireadh chun agallaimh do 1,010 iarrthóir le linn 2022 agus d'fhreastail 875 acu ar na hagallaimh. Cuireadh 733 ainm ar aghaidh chuig an nGarda Síochána do chéim an cheapacháin. Cuireadh tús leis an bpróiseas pleanála do chomórtas nua in 2023.

I ndiaidh na dtástalacha ar líne (Céim 1), cuireadh agallaimh ar siúl le linn 2022 d'arduithe céime chuig grád an tSáirsint agus an Chigire. Cuireadh ainmneacha na n-iarrthóirí ar éirigh leo sna hagallaimh ar aghaidh chuig an nGarda Síochána chun gur féidir leo iad a mheas d'ardú céime chuig grád an tSáirsint agus grád an Chigire.

Seoladh comórtais nua d'Oibritheoirí Seomra Stiúrtha agus d'Ionadaithe Cruthaithe Eachtraí agus rachfar trí na céimeanna roghnaithe éagsúla in 2023.

Seoladh comórtais d'Earcaigh – Oifigigh Phríosúin ar an 15 Iúil 2022. Fuarthas 2,031 iarratas inchailithe agus tugadh cuireadh do na hiarrthóirí sin tástálacha a dhéanamh mar chuid de Chéim 1; bhí feitheoireacht ó chian i bhfeidhm. Tugadh cuireadh don chéad ghrúpa iarrthóirí chuig Céim 2 – Cleachtadh Rólimeartha agus d'éirigh le 127 iarrthóir agus tugadh cuireadh chuig Céim 3 – Agallamh Iomaíoch – dóibh.

### Earcaíocht do Chomhairligh Leighis

Bhí éilimh mhóra i gceist i réimse na hearcaíochta do Chomhairligh Leighis le linn 2022. D'fhógair an tSCP 318 post do Chomhairligh Leighis in 2022, méadú de 33% i comparáid le figiúrí na bliana 2021, agus méadú de 158% i gcomparáid le figiúirí na bliana 2020. Le linn 2023, cuirfidh an tSCP tacaíocht d'FSS maidir le Comhairligh Leighis bhuana a earcú i Seirbhís Sláinte Phoiblí na hÉireann, agus táthar ag súil le méadú eile de 100%. In 2022, reáchtáladh an tSCP Comórtais do Chomhairligh sa tSláinte Phoiblí; bhí 34 phost i gceist ar dtús, agus reáchtáladh gach comórtas laistigh den tréimhse ama a aontaíodh; agus tá se beartaithe 17 gcomórtas sa bhreis a reáchtáil in 2023.

In 2022, seoladh an Mol Eolais do Chomhairligh Leighis, suíomh gréasáin ar leith a dhíríonn ar róil do chomhairligh a earcaíonn an tSCP ar son FSS. Déantar 12 réimse speisialtachta a léiriú ar an mol mar chuid den chomhpháirtíocht seo, lena n-áirítear máinliacht, síciatracht, pédiatraic, ainéistéiseolaíocht, leigheas éigeandála, obstatraic agus gínéiceolaíocht, leigheas ginearálta inmheánach, paiteolaíocht, raideolaíocht,


sláinte phoiblí, ortódóntaic, agus oftailmeolaíocht. Ba mhian le FSS teagmháil a dhéanamh le speisialtóirí a bhfuil oiliúint déanta acu agus atá ag obair in Éirinn cheana féin, leo siúd atá ag obair thar lear, mar aon le speisialtóirí a rinne oiliúint i ndlínsí eile. Chun tacú le hiarrthóirí atá á meas do róil, leagtar amach na riachtanais atá i gceist chun oibriú i gcóras sláinte na hÉireann, mar aon le heolas faoi thithíocht, cháin, bhaincéireacht, thiomáint, agus oideachas ar an mol. Tá sé éasca gach folúntas a chuardach trí úsáid a bhaint as an speisialtacht, as an gcontae, nó as scagairí eochairfhocal. Déanfar tuilleadh forbartha ar an micreashuíomh in 2023 chun na torthaí is fearr a chinntiú d'FSS, don tSCP agus do na hiarrthóirí ar mhaith linn a mhealladh. Comhoibríonn an tSCP le FSS trí pháirt a ghlacadh i roinnt grúpaí oibre, lena n-áirítear an grúpa oibre um earcaíocht do chomhairligh bhuana agus grúpa oibre na gComhairleach sa tSláinte Phoiblí.

## Earcaíocht d'Údaráis Áitiúla


Tháinig méadú suntasach ar an éileamh ar chomórtais do phoist ag leibhéal sinsearach i réimse an Rialtais Áitiúil arís in 2022. D'fhógair an t-aonad 51 chomórtas in 2022, méadú de 38% i gcomparáid le líon na gcomórtas a fógraíodh in 2021. Rinneadh 283 ceapachán in 2022 chomh maith, méadú de 21% i gcomparáid le figiúirí na bliana roimhe sin. Bhí tionscadail thábhachtacha i réimse an Rialtais Áitiúil taobh thiar den mhéadú seo, m.sh. an tionscnamh tithíochta sóisialta 'Tithíocht do Chuile Dhuine' agus an scéim um Thaisteal Gníomhach. Táthar ag súil leis go dtiocfaidh méadú ar líon na bpost a bheidh le líonadh sna réimsí tionscadail seo le linn 2023. Le linn 2022, rinne an tSCP teagmháil leis an Roinn Tithíochta agus Rialtais Áitiúil chun athbhreithniú a dhéanamh ar cháilíochtaí riachtanacha do chomórtais a réachtálann an tSCP chun a chinntiú go dtagann siad, más féidir, le poist eile san Earnáil Phoiblí i gcoitinne agus leanfar leis seo in 2023.

Rinne an tSCP teagmháil le hearnáil an Rialtais Áitiúil le linn 2022, agus bhuail siad go rialta le hionadaithe ón CCMA agus ón LGMA chun measúnú a dhéanamh ar éilimh reatha agus ar éilimh a bheidh le brath amach anseo san earnáil.

## Príomhtháscairí Feidhmíochta don Earcaíocht





| | 1. Poist a Líonadh | Tréimhsí Ama Soláthair d'Fheachtais | Ceapacháin i nGráid Ghinearálta |
|---|---|---|---|
| Lasmuigh de na Príomhtháscairí Feidhmíochta | 270 | 123 | 3,371 |
| Laistigh de na Príomhtháscairí Feidhmíochta | 6,463 | 328 | 1,359 |





| | 1. Earcaíocht d'Fheidhmeannaigh Shinsearacha | 2. Boird Stáit | 3. Comhairligh Ospidéil | 4. Róil Ghairmiúla agus Theicniúla | 5. Rialtas Áitiúil |
|---|---|---|---|---|---|
| Lasmuigh de na Príomhtháscairí Feidhmíochta | 26 | 22 | 48 | 29 | 10 |
| Laistigh de na Príomhtháscairí Feidhmíochta | 20 | 54 | 136 | 79 | 39 |
| % Laistigh de na Príomhtháscairí Feidhmíochta | 43% | 71% | 74% | 73% | 80% |

## Tréimhsí Ama maidir le Feachtais a Sholáthar, 2022 – Iomlán de réir Ráithe





| | Qtr1 | Qtr2 | Qtr3 | Qtr4 |
|---|---|---|---|---|
| Lasmuigh de na Príomhtháscairí Feidhmíochta | 41 | 19 | 35 | 40 |
| Laistigh de na Príomhtháscairí Feidhmíochta | 63 | 72 | 84 | 109 |
| % Laistigh de na Príomhtháscairí Feidhmíochta | 61% | 79% | 71% | 73% |

## Ceapacháin i nGráid Ghinearálta, 2022 – Iomlán de réir Ráithe




| | Qtr1 | Qtr2 | Qtr3 | Qtr4 |
|---|---|---|---|---|
| Lasmuigh de na Príomhtháscairí Feidhmíochta | 627 | 1,123 | 899 | 722 |
| Laistigh de na Príomhtháscairí Feidhmíochta | 512 | 461 | 194 | 192 |
| % Laistigh de na Príomhtháscairí Feidhmíochta | 45% | 29% | 18% | 21% |

**Ceapacháin i nGráid Ghairmiúla agus Theicniúla, 2022 – Iomlán de réir Ráithe**




| | Qtr1 | Qtr2 | Qtr3 | Qtr4 |
|---|---|---|---|---|
| Lasmuigh de na Príomhtháscairí Feidhmíochta2 | 72 | 116 | 88 | 75 |
| Laistigh de na Príomhtháscairí Feidhmíochta | 90 | 116 | 76 | 70 |
| % Laistigh de na Príomhtháscairí Feidhmíochta | 56% | 50% | 46% | 48% |

Tá sé mar aidhm ag an tSCP 95% de róil a líonadh do chliaint agus baineadh an aidhm seo amach in 2022.

Ina theannta sin, tá sé mar aidhm ag an tSCP feachtais earcaíochta a reáchtáil laistigh den tréimhse ama a aontaítear le cliaint in 80% d'fheachtais, ar a laghad. Cloíodh le spriocanna soláthair earcaíochta in 73% d'fheachtais in 2022. Baineadh an sprioc 80% amach maidir le hearcaíocht i réimse an Rialtais Áitiúil agus baineadh an sprioc amscála amach i níos mó ná 70% d'fheachtais i dtrí réimse (G&T ag 73%; Comhairligh Leighis ag 74%; agus Boird Stáit ag 71%). Bhí réimse an SER (55%) agus réimse na gCeapachán i nGráid Ghinearálta (29%) ina gcúiseanna imní (bhí sprioc de 80% i bhfeidhm sna réimsí seo chomh maith). Bhí tionchar ag margadh fostaíochta dúshlánach agus rátaí arda laghdaithe ag gach céim den phróiseas roghnaithe ar thréimhsí ama soláthair, agus tá feachtais sa bhreis ag teastáil agus tá sé riachtanach iarrthóirí sa bhreis a phróiseáil chun folúntais a líonadh. Tháinig méadú suntasach chomh maith ar líon na n-iarratas a rinne cliaint ar chomórtais earcaíochta in 2022, agus bhí sé sin le brath i ngach réimse earcaíochta sa tSCP. Rinneadh athbhreithniú ar an bpróiseas gnó i réimse an imréitigh agus na gceapachán in 2022 agus cuireadh bearta i bhfeidhm láithreach bonn. Cuireadh acmhainní sa bhreis ar fáil sa dá réimse agus d'oibrigh an tSCP chun na próisis a chuíchóiriú a oiread is féidir, chun iarracht a dhéanamh cloí leis na hamscálaí soláthair a aontaítear in 2023. Tá teagmháil á déanamh ag an tSCP chomh maith le cliaint i dtaca le hacmhainní sa bhreis chun tacú lena bhfeachtais earcaíochta in 2023.

## Caidreamh le Cliaint

Is é ról na foirne um Bhainistíocht an Chaidrimh le Cliaint (BCC) feidhmiú mar phríomhphointe teagmhála idir eagraíochtaí na gcliant agus an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Do gach cliant, tá ball ar leith den fhoireann BCC ann a bhailíonn eolas faoi eagraíocht an chliaint. Tá an fhoireann BCC freagrach as na nithe seo a leanas a dhéanamh: folúntais agus iarratais nua ar chomórtais a thaifeadadh, bainistíocht a dhéanamh ar an bpíblíne, ceisteanna a fhreagairt, tuairisciú do chliaint agus pleanáil don lucht saothair a chomhordú. Is é trí lá oibre an t-aga freagartha atá i bhfeidhm maidir le ceisteanna a fhreagairt. In 2022, thugamar freagra ar bheagnach 22,000 ceist ó chliaint san iomlán agus tugadh freagra ar 82% acu ar an lá céanna.

### Creat do Bhainisteoirí na gCliant

Aitnníodh go bhfuil sé riachtanach teagmháil níos straitéisí a dhéanamh le cliaint chun tacú le barr feabhais san earcaíocht. Tá an creat do bhainisteoirí na gcliant ina phríomhghné den teagmháil le cliaint agus tá ról tábhachtach aige i dtaca le caidreamh a chothú le agus tuiscint a fháil ar ár gcliaint. Tá bainisteoir cliaint ar leith ó Fhoireann Bhainistíochta na SCP ag gach cliant. Mar chuid de thacaíochtaí níos leithne, bunaíodh gréasán inmheánach do bhainisteoirí cliaint chun plé a dhéanamh ar dhúshláin thábhachtacha, chun aiseolas a roinnt agus chun leanúnachas a chinntiú i dtaca le modhanna oibre.

### Pleanáil don Lucht Saothair a dhéanann Cliaint

Aithnímid go bhfuil cuid mhaith dár gcliaint ag feidhmiú i dtimpeallachtaí casta agus dúshlánacha ina mbíonn tosaíochtaí ag síorathrú. Bíonn sé an-dúshlánach éileamh ár gcliant a thuar agus bíonn tionchar aige sin ar ár gcumas pleanáil a dhéanamh do agus freagairt ar riachtanais agus ar riachtanais a bhíonn ag síorathrú, go háirithe i gcomhthéacs margaidh fostaíochta atá iomaíoch. Déanann ár bhfoireann BCC teagmháil le gach cliant chun meastacháin i dtaca lena riachtanais acmhainní a fháil gach ráithe. Tá sé fíorthábhachtach cur chuige comhoibríoch a ghlacadh maidir le pleanáil don lucht saothair chun cur lenár straitéisí earcaíochta, comórtais nua a sceidealú, agus tús áite a thabhairt d'iarrthóirí maidir le measúnuithe chun go mbeidh siad ar fáil do cheapacháin ar bhealach pras. Le linn 2022, tháinig méadú ar an ráta teagmhála le cliaint a ghlacann páirt i bpleanáil don lucht saothair gach ráithe. In 2023, cuirfimid tionscnaimh eile i bhfeidhm chun cruinneas na meastachán a fheabhsú.

### Teagmháil le Custaiméirí

Táimid tiomanta do sheirbhísí earcaíochta ar ardchaighdeán a chur ar fáil trínár gcóras soláthair seirbhíse a fheabhsú agus trí chur chuige a úsáid ina ndírítear ar an gcustaiméir. Agus teagmháil á déanamh lenár n-iarrthóirí agus lenár gcliaint, tá sé tábhachtach córas a chur i bhfeidhm chun éisteacht le agus freagra a

thabhairt ar aiseolas go rialta chun a chinntiú go bhfreastalaíonn ár seirbhísí, ár bpróisis agus ár réitigh dhigiteacha ar riachtanais na n-úsáideoirí.

Chun ár n-eolas agus ár dtuiscint ar dhea-chleachtas i réimse Thaithí an Chustaiméara (CX) a fhorbairt, rinneamar comhoibriú le saineolaithe i réimse an taighde ar an margadh, Ipsos MRBIO, in 2022. Bhí sé mar aidhm ag an tionscadal seo cur le cur chuige níos straitéisí i dtaca le haiseolas a lorg ó chustaiméirí agus tuiscint a fháil ar an gcaoi ar féidir leas a bhaint as an aiseolas seo chun próisis a fheabhsú ar bhonn leanúnach. Chuir Ipsos sraith de cheardlanna ar siúl, a bhí dírithe ar chomhthéacs na SCP agus ar aistear an chustaiméara sa tSCP. De bharr an tionscadail seo, tá ár straitéis agus ár gcreat eagraíochta maidir le haiseolas ó chliaint agus ó iarrthóirí, a rollfar amach in 2023, á gcur i gcríoch againn.


## Aiseolas ó Úsáideoirí (Cliaint agus Iarrthóirí)


Tá sé fíorthábhachtach aiseolas a fháil ó úsáideoirí agus bíonn tionchar ag an aiseolas seo ar nuálaíocht agus ar fheabhsúcháin inár soláthar seirbhíse chun gur féidir linn ár seirbhís a fhorbairt chun freastal ar riachtanais an chustaiméara. Le linn 2022, rinneamar forbairt ar ár suirbhéanna do chustaiméirí agus rinneamar teagmháil le roinnt páirtithe leasmhara éagsúla, lenar áirodh iarrthóirí, cliaint, baill foirne, Baill de Bhoird, agus baill foirne sa Státseirbhís (mar chuid d'athbhreithniú ar chumas). Le linn na bliana 2023, deánfaimid forbairt ar an gcreat seo d'aiseolas ó úsáideoirí, de réir ár bplean nua um theagmháil le custaiméirí – beidh suirbhéanna níos rialta i gceist.


Tá achoimre ar chuid de na torthaí a fuarthas i dtaca le sástacht na gcustaiméirí ar fáil thíos:

## Suirbhéanna Aiseolais d'Iarrthóirí

Tagann na príomhthorthaí a léirítear thíos ón Suirbhé a rinneamar le hIarrthóirí in 2022; scaipeadh an suirbhé i mí na Samhna 2022. Léiríonn ráta sástachta na n-iarrthóirí i dtaca leis an teagmháil ghinearálta a bhí acu leis an tSCP méadú de 6% i gcomparáid le figiúirí na bliana 2021.


12%
Seoladh Suirbhé chuig 15,979 iarrthóir
88%
Fuarthas freagra
Ní bhfuarthas freagra



Sástacht ghinearálta leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
An-mhíshásta
Míshásta go pointe
Neodrach
Sásta go pointe
An-sásta
8%
12%
9%
28%
43%


Taithí na nIarrthóirí ar Sholáthar Seirbhíse Earcaíochta
An-diúltach
Diúltach go leor
Neodrach
Dearfach go leor
An-dearfach
1. Cad é do mheas ar shothuigtheacht an phróisis iarratais trí publicjobs.ie?
3% 5% 16% 38% 38%
92%
2. Cad é do mheas ar an taithí a bhí agat ar thrialacha a dhéanamh ar line?
2% 3% 12% 35% 48%
95%
3. Cad é do mheas ar an taithí a bhí agat ar agallamh a dhéanamh?
3% 8% 9% 25% 55%
89%
4. Cad é do mheas ar an taithí a bhí agat ar an bpróiseas imréitigh agus ceapacháin?
6% 8% 16% 34% 36%
86%


### Suirbhé Aiseolais do Chliaint faoi Chomórtais Ghairmiúla & Theicniúla

Tá sé mar aidhm ag an suirbhé seo sástacht na gcliant i dtaca le comórtais earcaíochta aonair i réimse na hearcaíochta Gairmiúla agus Teicniúla a reáchtálann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus ar a ndéantar an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí bainistíocht a mheas.


#### Comórtas Gairmiúil agus Teicniúil a Phleanáil:




#### Comórtas Gairmiúil agus Teicniúil a Bhainistiú:



### Caighdeán Ginearálta an Chomórtais Ghairmiúil agus Theicniúil:




## Stádas sa Mhargadh

## Tuiscint ar Dheiseanna Gairme san Earnáil Phoiblí a Chur Chun Cinn

### Margaíocht agus Fógraíocht Earcaíochta

In 2022, reáchtáladh 215 feachtas margaíochta agus fógraíochta earcaíochta chun tuiscint ar na deiseanna atá ar fáil d'iarrthóirí a chur chun cinn. De bharr na bhfeachtas seo, cuireadh 1,480 fógra margaíochta earcaíochta ar fáil ar mheáin ar líne agus ar mheáin thraidisiúnta, m.sh. meáin chlóite agus raidió. Tá an tSCP ag obair chun na dualgais atá ar fhorais phoiblí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla ó mhí Dheireadh Fómhair 2022 a chomhlíonadh, .i. go gcaithfimid 20%, ar a laghad, d'fhógraíocht a dhéanamh trí mheán na Gaeilge agus go gcaithfimid 5% den chaiteachas fógraíochta a chaitheamh ar mheáin Ghaeilge.

D'fhorbair an tSCP cumas na heagraíochta i réimse na sonraí agus an léargais in 2022 maidir le gníomhaíocht mhargaíochta agus fógraíochta earcaíochta. Bainfear úsáid as forbairt na hoibre seo chun cur le Príomhtháscairí Feidhmíochta do ghníomhaíocht mhargaíochta a bhaineann le feachtais earcaíochta, m.sh. athrú, caiteachas, feidhmíocht ardán, feidhmíocht formáidí.

Maidir le publicjobs.ie, tháinig méadú 200k ar líon úsáideoirí an tsuímh le linn na bliana, ag ardú ó 3 mhilliún úsáideoir in 2021 go dtí 3.2 mhilliún úsáideoir in 2022. Tháinig méadú +15% ar líon na ndaoine a chláraigh ar publicjobs.ie den chéad uair le linn na tréimhse chomh maith.

### Na Meáin Shóisialta

Tá láithreacht na heagraíochta ar na meáin shóisialta á forbairt i gcónaí agus tháinig méadú mór ar líon ár leantóirí ar gach ardán. Cuireadh dhá ardán shóisialta nua le punann shóisialta publicjobs.ie le linn na tréimhse, rud a chiallaíonn go bhfuil an eagraíocht gníomhach ar 6 ardán a dhíríonn ar ghrúpaí éagsúla daoine anois.

## Imeachtaí agus Urraíocht

- Seimineár bunaithe ar Chothromaíocht Ghairme – Gréasán na mBan
- Caint faoi Ghairmeacha in DCU, i gcomhar leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha
- Lá Idirnáisiúnta na mBan: Imeacht a bhí dírithe ar Chlaonadh a Bhriseadh Síos - Painéal
- Urraíocht ar Éagsúlacht agus Chuimsiú Náisiúnta DCU
- Ceithre sheimineár le hInstitiúid na dTreoirchomhairleoirí
- Caint faoi Ghairmeacha in DCU
- Imeacht Earcaíochta Intreo
- An Cur i Láthair – Comórtas Fógraíochta PublicJobs.ie do Scoileanna - Searmannas
- Mórshiúl ar Lá an Bhróid
- Aonach Gairmeacha Grad Ireland
- Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
- Ollscoil Luimnigh
- Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
- Comhdháil an Dlí-Chumainn
- Coláiste na hInse, Baile an Bhiataigh - imeacht Gairmeacha
- Duaiseanna Náisiúnta Éachta don Lucht Siúil - Urraíocht

## Tionscnamh Achmainní Scoileanna de chuid Public Jobs

Tá Tionscnamh Achmainní Scoileanna de chuid Public Jobs ag fás agus á fhorbairt agus tá tuiscint ar dheiseanna gairme san earnáil phoiblí á gcur chun cinn le daltaí iarbhunscoile. Tá os cionn 25% de scoileanna cláraithe linn ó cuireadh tús leis an tionscnamh.

Mar chuid den tionscnamh iomlán, seoladh An Cur i Láthair: Comórtas Fógraíochta do Scoileanna den chéad uair in 2022. Is comórtas iontach é An Cur i Láthair trínar féidir le daltaí iarbhunscoile a gcuid scileanna cruthaitheacha, digiteacha agus cumarsáide a léiriú agus iad ag foghlaim faoi dheiseanna gairme

a bheidh acu san earnáil phoiblí amach anseo. Mar chuid den chomórtas, iarradh ar dhaltaí físeán (30 soicind) a chruthú ina ndéanann siad an earnáil phoiblí a chur chun cinn mar chonair ghairme mhealltach dá bpiaraí. Forbraíodh an comórtas mar mhodh chun foghlaim idir phiaraí a spreagadh mar chuid de chur chuige i leith na treorach a bhaineann leis an scoil i gcoitinne, ach, ag an am céanna, is gníomhaíocht neartaithe foirne den scoth é An Cur i Láthair ar féidir le gach dalta sult a bhaint as. Bhí an deis ag daltaí a chuir isteach ar An gCur i Láthair dul san iomaíocht chun roinnt duaiseanna iontacha a bhuachan, a léirigh an éagsúlacht atá le brath i ngairmeacha atá ar fáil san earnáil phoiblí.

Bhí na duaiseanna seo a leanas san áireamh:

• Deis na scileanna meán nua atá foghlamtha ag na daltaí a úsáid chun an Taoiseach, Micheál Martin, a chur faoi agallamh.

• Deis scileanna gníomhacha tarrthála a fhoghlaim ar thuras go hIonad Comhordaithe Tarrthála nó go Bunáit Héileacaptair de chuid Gharda Cósta na hÉireann.

• Deis taithí a fháil ar ghníomhaíochtaí a bhíonn ar siúl sa chúlra agus páirt a ghlacadh in ionsamhlú póilíneachta leis an nGarda Síochána.

Dúnadh an Cur i Láthair – Comórtas Fógraíochta do Scoileanna ar an 1 Aibreán 2022, agus fuaireamar iontrálacha iontacha ó scoileanna ar fud na hÉireann. Cuireadh painéal moltóirí le chéile chun gearrliosta a chur le chéile ar a raibh Shirley Comerford – POF na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí, Nadia Karim – Stiúrthóir Sinsearach Ealaíne ag Core, Janine Robinson – Oifigeach um Obair For-Rochtana Cumarsáide Ríomhfhoghlama agus Cumarsáide do Stiúrthóir Access Art, DCU agus Colin Flaherty – Ceannasaí Thionscadail Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí le OPS sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Cuireadh sárthaispeántas agus imeacht duaiseanna fíorúil ar siúl, ag ar roghnaíodh na buaiteoirí agus ag ar tugadh na duaiseanna amach. Bhain na buaiteoirí leas as na duaiseanna ansin i mí na Bealtaine, i gcomhar le Roinn an Taoisigh, le Garda Cósta na hÉireann agus leis an nGarda Síochána.

Thug feachtas margaíochta agus cumarsáide ar réimse de chainéil, lenar áiríodh comhpháirtíochtaí le daoine/heagraíochtaí a raibh tionchar acu ar na daltaí, na múinteoirí agus na tuisimitheoirí, feachtais ríomhphoist trí úsáid a bhaint as bunachar de mhúinteoirí agus de threoirchomhairleoirí a léirigh suim sa tionscnamh, agus forais chuí eile, agus suirbhéanna agus quizeanna gairme ar ardáin shóisialta tacaíocht don tionscnamh sa chéad bhliain.

Moladh An Cur i Láthair do dhuais sa chatagóir dar teideal 'Dea-Chleachtas Díolacháin agus Margaíochta' agus don duais Mhargaíochta ag Duaiseanna na Cónaidhme Fostaíochta agus Earcaíochta agus bronnadh

duais óir ar an gCur i Láthair ag na Duaiseanna Meán Digiteach, 2022, sa chatagóir 'An Feachtas Dúchasach is Fearr'.

I Mí Mheán Fómhair 2022, seoladh an dara bliain den Tionscnamh Achmainní Scoileanna de chuid Public Jobs. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an gcéad bhliain, baineadh úsáid as aiseolas ó mhúinteoirí agus threoirchomhairleoirí chun sraith pleananna ceachta aonair ar Publicjobs.ie, mar aon le próifílí gairme, físeáin, agus conairí gairme nua a sholáthar.

Tháinig méadú ar líon na bpleananna ceachta ó 8 gcinn sa chéad bhliain go 16 cinn sa dara bliain. Méadaíodh líon na n-agallamh físe faoi chonairí gairme faoi thrí chomh maith, chun éagsúlacht thaithí na bhfostaithe a léiriú agus chun ábhar a thuigfeadh daltaí ar fud na tíre a chur ar fáil.

Seoladh an dara bliain den Chur i Láthair go déanach sa bhliain 2022.

## Straitéis maidir le Branda

In 2022, chuir an eagraíocht straitéis chuimsitheach maidir le branda i bhfeidhm chun dul i ngleic le héiginnteacht sa mhargadh agus chun eolas faoi ghairmeacha san earnáil phoiblí a shoiléiriú d'iarrthóirí. De bharr na straitéise maidir le branda, beachtaíodh ailtireacht bhranda na heagraíochta trí na príomhghnéithe seo a leanas a úsáid:

• Lucht Saothair agus Ionaid Oibre faoi Bhláth

• Seirbhísí agus Sochaí faoi Bhláth

• Taithí Dhearfach d'Iarrthóirí agus do Chliaint

Shínigh Bord na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí agus an Bord Bainistíochta an straitéis bhranda i mí Mheán Fómhair 2022. I mí na Nollag 2022, seoladh deis soláthair seirbhísí chuig baill chuí de Chreat na hOifige um Sholáthar Rialtais. Trí sheirbhísí cruthaitheacha a sholáthar, beimid in ann an tionscadal seo a fhorbairt chuig céim na forbartha cruthaithí chun féiniúlacht bhranda athchóirithe a dhearadh agus a sholáthar don eagraíocht, a ligfidh dúinn an straitéis bhranda a chur i bhfeidhm. Tá sé i gceist an measúnú ar sheirbhísí cruthaitheacha a chur ar siúl i mí an Mhárta 2023. Cuirfear an straitéis maidir le branda i bhfeidhm le linn 2023.

# Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú

Inár straitéis chorparáideach, 'Nua' (2020-2023), aithnítear ár bpríomhchuspóir mar seo a leanas: 'daoine éagsúla a bhfuil an cumas, an dea-cháil agus an díograis acu chun soláthar ar son na hÉireann a earcú don tseirbhís phoiblí'. Rinne an obair a rinneadh i réimse an Chomhionannais, na hÉagsúlachta agus an Chuimsithe (CÉ&C) in 2022 forbairt ar an aidhm seo faoinár Straitéis CÉ&C, ina n-aithnítear trí thosaíocht straitéiseacha don tréimhse 2021–2023:

- Eolas agus tuiscint níos fearr ar an lucht saothair in earnáil phoiblí na hÉireann agus ar phleananna earcaíochta.
- A chinntiú go spreagann agus go n-éascaíonn próisis earcaíochta agus roghnaithe rochtain d'iarrthóirí ó chúlraí éagsúla.
- Dea-chleachtas sa CÉ&C a chur i bhfeidhm sa tSCP agus tacaíocht a thabhairt dár gcliaint maidir le hionaid oibre san earnail phoiblí ina bhfuil an cuimsiú chun tosaigh agus a thugann léargas ar an tsochaí a fhorbairt.

Cinntíonn an Bord tras-eagraíochta do Thionscadail CÉ&C, a bunaíodh in 2021 chun cur i bhfeidhm na straitéise CÉ&C a chur chun cinn, ailíniú le haidhmeanna agus cuspóirí 'NUA23' agus tugann sé cabhair maidir le CÉ&C a chur i bhfeidhm san eagraíocht i gcoitinne. Tháinig an Bord le chéile gach ráithe, agus rinne roinnt compháirtithe seachtracha agus páirtithe leasmhara cuir i láthair don bhord faoi thopaicí cuí, m.sh. inrochtaineacht agus dearadh uilíoch, lenar áiríodh comhghleacaithe ón Údarás Náisiúnta Míchumais, Deloitte ar an athbhreithniú diagnóiseach CÉ&C, agus an ITES ar an athbhreithniú ar na sonraí comhionannais.

## Sonraí, Eolas agus Tuiscint Níos Fearr

### Deais Mhonatóireachta Comhionannais

Tá gealltanas inár straitéis Chomhionannais, Éagsúlachta agus Chuimsithe 2021-2023 i dtaca le próifíl éagsúlachta d'iarrthóirí atá bunaithe ar shonraí agus fhianaise a fhorbairt le linn an phróisis earcaíochta. Tugann sonraí maidir le comhionannas san ionad oibre léargas maith ar chomhdhéanamh an lucht saothair agus ligeann siad d'eagraíochtaí dul i ngleic le héagothroime i dtaca rochtain, le leithcheal agus le gannionadaíocht.

Chun cabhrú linn an gealltanas seo a chomhlíonadh, tá an chéad leagan de dheais mhonatóireachta comhionannais á fhorbairt againn, i gcomhar lenár gcomhpháirtithe tionscadail, an Institiúid Taighde

Eacnamaíochta agus Sóisialta (ITES). Bhí sé mar aidhm ag an athbhreithniú seo ar shonraí comhionannais tacaíocht a thabhairt maidir le tuairisciú rialta ár sonraí monatóireachta comhionannais agus léargas cuí a thabhairt ar ár gcórais agus ár bpróisis féin. Tá súil againn go spreagfaidh an obair seo agus go dtabharfaidh sí tacaíocht d'fhorbairt straitéisí um shonraí comhionannais a bhaineann le réimsí ar leith agus le comhpháirtithe ar leith sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí agus go gcabhróidh sí linn tionscnaimh chuimsithe fhorálacha a chur chun cinn.

Mar chuid den tionscadal, rinne an ITES measúnú ar láidreacht ár sonraí comhionannais trí 'scrúdú sláinte' a dhéanamh. Ina dhiaidh sin, rinne an ITES anailís ar shonraí iarratais agus ceapacháin a bhain le níos mó ná 4,000 comórtas sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí (idir 2019 agus 2021), agus rinne siad mionscrúdú ar shonraí faoi eitneacht, inscne agus mhíchumas sna comórtais sin, sa tréimhse sin.

Mar aon le príomhthorthaí, thug an ITES comhairle agus treoir maidir leis an gcaoi ar féidir sonraí montaóireachta comhionannais a chur i láthair agus leis an gcaoi ar féidir leas a bhaint as sonraí den chineál seo chun tuiscint níos fearr a fháil ar chomhdhéanamh an lucht saothair sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí.

Tá comhdháil dar teideal 'Tá Tusa San Áireamh - Earnáil Phoiblí Ionchuimsitheach ina bhfuil Éagsúlacht le Brath a Fhorbairt' socraithe do mhí an Mhárta, ag a leagfar béim ar agus ag a ndéanfar plé ar an Deais Mhonatóireachta Comhionannais seo agus ar chumhacht na sonraí athruithe a chur chun cinn agus cabhrú linn lucht saothair níos ionchuimsithí ina bhfuil níos mó éagsúlachta le brath a fhorbairt sa tseirbhís phoiblí.

## Próisis, Polasaithe agus Nósanna Imeachta a Fheabhsú

### Athbhreithniú Diagnóiseach CÉ&C

Go luath sa bhliain 2022, choimisiúnaigh an tSCP Deloitte chun athbhreithniú diagnóiseach a dhéanamh ar ár nósanna imeachta agus ar ár bpolasaithe mar fhostóir agus mar earcaitheoir seachtrach don státseirbhís agus don tseirbhís phoiblí. Mar chuid den athbhreithniú, rinneadh measúnú cuimsitheach ar earcaíocht oibríochta sheachtrach, ar phróisis mheasúnaithe agus cheapacháin, agus ar ár bpolasaithe inmheánacha ó thaobh an CÉ&C de.

Aithníodh cúinsí agus bearta ar leith san athbhreithniú seo a d'fhéadfadh cabhrú linn eagraíocht ina bhfuil níos mó éagsúlachta le brath agus ina bhfuil próisis oibríochta níos ionchuimsithí a chruthú, agus rinneadh moltaí úsáideacha agus praiticiúla chun cabhrú linn ár bpolasaithe agus ár bpróisis a fheabhsú, mar fhostóir agus mar earcaitheoir seachtrach don státseirbhís agus don tseirbhís phoiblí. Baineadh úsáid as Córais Mháithreachais CÉ&C OPS cun tagarmharcáil a dhéanamh ar an tSCP i gcúig phríomhréimse, lenar áiríodh cultúr, ceannaireacht, sonraí, foghlaim agus forbairt, agus roghnú, mar fhostóirí agus mar earcaitheoir.

Rinneadh os cionn 90 moladh, agus bhí cuid acu á gcur i bhfedihm cheana féin, agus thug siad sraith shoiléir de bhearta dúinn chun cabhrú linn ár ndualgais CÉ&C a chur chun cinn go gearrthéarmach agus go meántéarmach.

Tá níos mó fianaise ann anois gur féidir le grúpaí faoi ghannionadaíocht tairbhe a bhaint as conairí breise a d'fhéadfadh iad a cheangal le conairí gairme buana, m.sh. intéirneachtaí, cúrsaí oiliúna, printíseachtaí, agus socrúcháin oibre. Bliain tháirgiúil a bhí in 2022 maidir le conairí níos cuimsithí chuig an Státseirbhís a fhorbairt. Tá dhá shampla thíos:

### Intéirneacht do Bhaill den Lucht Siúil agus den Phobal Romach

Tá sé mar aidhm ag an Intéirneacht do Bhaill den Lucht Siúil agus den Phobal Romach taithí oibre ar íocaíocht sa Státseirbhís a chur ar fáil do bhaill den Lucht Siúil agus den Phobal Romach. Maireann na hintéirneachtaí dhá mhí dhéag, ag leibhéal an Oifigigh Chléireachais nó ag leibhéal an Oifigigh Feidhmiúcháin sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, i dTithe an Oireachtais, sa Roinn Dlí agus Cirt nó sa tSCP. Faigheann na hintéirnigh taithí phraiticiúil ar an láthair, agus faigheann siad an deis iad féin a fhorbairt ag leibhéal gairmiúil agus pearsanta trí chúrsaí oiliúna faofa. Tá dhá phost déag ar fáil, agus baineadh úsáid as painéal d'iarrthóirí chun na poist seo a líonadh. Cuirfear tús leis an socrúchán 12 mhí go luath sa bhliain 2023.

### WAM (*Willing Able Mentoring*)

Is clár 6 mhí ar íocaíocht do chéimithe atá faoi mhíchumas é an clár WAM, agus tá baint ag réimse leathan fostóirí leis, lena n-áirítear an státseirbhís agus an tseirbhís phoiblí. Tugann an clár deiseanna do chéimithe taithí oibre a fháil, a ngairm a fhorbairt, scileanna nua a fhoghlaim agus tacaíocht a fháil le linn a dtréimhse ar socrúchán ar íocaíocht.

In 2022, den chéad uair ó cuireadh tús leis an gclár 18 mbliana ó shin, chuir an clár conair níos ionchuimsithí chuig ról buan ag deireadh an tsocrúcháin ar fáil do rannpháirtithe sa státseirbhís. As na trí dhuine is fiche a ghlac páirt i socrúcháin, chuir fiche duine acu isteach ar ról buan agus cuirfidh naoi n-iarrthóir déag tús lena bpoist bhuana i mí Feabhra 2023. Forbraíodh próiseas measúnaithe ionchuimsitheach ina ndearnadh dhá mheasúnú feidhmíochta san ionad oibre, tástáil feasachta suímh, agus agallamh a bhí bunaithe ar inniúlachtaí. Táthar ag súil leis go gcabhróidh na rudaí a foghlaimíodh ón bpróiseas seo linn cláir phíolótacha eile a fhorbairt, a chuirfidh conair chuig ról buan ar fáil do ghrúpaí faoi ghannionadaíocht.

### Athbhreithniú ar na Critéir Cháilitheachta don Státseirbhís

Tá na critéir cháilitheachta inimirce reatha d'fhostaíocht sa státseirbhís ina mbac ar roinnt mhaith daoine in Éirinn a bhfuil cúlra acu mar imirceach agus ar mhaith leo gairm a bhaint amach dóibh féin sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí. Go luath sa bhliain 2022, bhuail an tSCP leis an Aire agus cuireadh tús le hathbhreithniú ar na critéir seo. Toisc gur ball de Open Doors í an tSCP, rinneamar comhpháirtíocht le Fragomen agus baineadh leas as saineolas na heagraíochta sin mar sholáthraí seirbhísí inimirce i níos mó ná 170 tír chun scrúdú a dhéanamh ar an gceist seo, féachaint an féidir linn na critéir cháilitheachta a leathnú.

De bharr an athbhreithnithe a rinneadh ar an margadh fostaíochta reatha agus ar chuid de na dúshláin earcaíochta atá roimh an státseirbhís faoi láthair agus ar an tionchar a bheidh ag na dúshláin seo ar sholáthar seirbhíse poiblí i dtír atá ag athrú go han-sciobtha, ní mór glacadh le modhanna earcaíochta éagsúla agus grúpaí iarrthóirí a mhealladh i dtreo na státseirbhíse chun freastal ar éilimh.

Dhírigh ár dtaighde ar leathnú na gcritéir cháilitheachta, lenar áiríodh cead inimirce, chun rochtain a thabhairt do státseirbhís na hÉireann ar ghrúpa mór daoine nach bhfuil rochtain againn orthu faoi láthair agus chun an bac struchtúrtha seo a laghdú agus a bhaint dóibh siúd a bhfuil cúlra acu mar inimircigh.

Bunaíodh grúpa idir-rannach de pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear an Roinn Dlí agus Cirt; an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta; an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, agus an tSCP chun scrúdú a dhéanamh ar an gceist seo agus chun measúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na moltaí san athbhreithniú.

## Comhpháirtí iontaofa, dea-chleachtas sa CÉ&C a léiriú

Inár ról mar chomhpháirtí ar féidir brath air, tá tacaíocht ghníomhach á tabhairt againn dár gcliaint, dár gcomhpháirtithe, dár líonraí agus dár gcoistí náisiúnta, lena n-áirítear coistí stiúrtha de chuid na Straitéise Fostaíochta Cuimsithí do Dhaoine faoi Mhíchumas, coiste na Straitéise um Imircigh a Imeascadh, agus an Straitéis Náisiúnta Ionchuimsithe LGBTI (2019-2021).

Ina theannta sin, thugamar comhairle do ranna rialtais nó d'eagraíochtaí seirbhíse poiblí eile faoi straitéis agus bheartas CÉ&C a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear an Phríomh-Oifig Staidrimh, an Roinn Gnóthaí Eachtracha, an Institiúid Mhara, an Roinn Sláinte, Seirbhísí an Oireachtais, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, An Garda Síochána, agus an Roinn Dlí agus Cirt.

Rinne an fhoireann CÉ&C cuir i láthair nó ghlac siad páirt ar phainéal ag níos mó ná 40 imeacht in 2022, ag a ndearna siad plé ar an obair atá á déanamh sa tSCP chun na dualgais CÉ&C a leagtar amach inár straitéisí a chomhlíonadh. Thug siad caint ar phainéal a bhí dírithe ar a chinntiú go bhfuil ionadaíocht ag gach pobal

in Éirinn inár misin thar sáile ag Comhdháil Cheannasaí Misin na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus ar sheirbhís phoiblí níos ionchuimsithí a chruthú ag Fóram Éagsúlachta Ibec. Ag an imeacht Pride@Work agus ag comhdháil náisiúnta an Údaráis Náisiúnta Mhíchumais (ÚNM), rinneamar plé ar an earcaíocht ionchuimsitheach agus ar an tábhacht a bhaineann le hionaid oibre ina mbíonn éagsúlacht le brath maidir le nuálaíocht a chur chun cinn; ag imeacht de chuid Údarás Póilíneachta na hÉireann agus ag imeacht de chuid Choimisiún Fulbright agus ag comhdháil náisiúnta Bhord Oideachais agus Oiliúna na hÉireann, rinneamar cuir i láthair ar an tábhacht a bhaineann le seirbhísí poiblí a dhéanann abhcóideacht do na pobail a bhfreastalaíonn siad orthu in Éirinn. Ag imeacht de chuid na hOifige Eorpaí um Roghnú Foirne (OERF) agus ag comhdháil faoi fhostaíocht ionchuimsitheach agus ag imeacht de chuid Aireacht na nGnóthaí Baile san Ísiltír, roinneamar eolas faoin obair atá á déanamh ag an tSCP chun lucht saothair ionchuimsitheach ina bhfuil éagsúlacht le brath a chruthú le comhghleacaithe san Eoraip.

# Ár nDaoine, ár nEagraíocht agus ár gCultúr a Fhorbairt

| Dearadh agus Forbairt Eagraíochta |
|---|
| Athchóiriú Digiteach |
| Ár Spásanna Oibre a Athrú |

## Dearadh agus Forbairt Eagraíochta

Leagann ár straitéis chorparáideach, 'NUA 23', creat amach maidir lenár ndaoine, ár n-eagraíocht, agus ár gcultúr a fhorbairt chun tacú leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí an aidhm atá againn a bheith mar ionad bairr feabhais san earcaíocht, as a bhfuil muinín ag na daoine ar a bhfreastalaímid, a bhaint amach. In 2021, rinne feidhm na nDaoine agus an Chultúir comhpháirtíocht le haonaid ghnó ar fud na heagraíochta chun cumas a fhorbairt agus chun ardfheidhmíocht a sholáthar, de réir na spriocanna straitéiseacha a leagtar amach in 'NUA 23' agus inár bplean gnó do réimse na nDaoine agus an Chultúir. Déantar achoimre ar chuid de na pointí is tábhachtaí sa phróiseas seo thíos.

### Acmhainní a fháil

Ar an 31 Nollaig 2021, bhí 283 (272 cl) ball foirne sa tSCP.

### Foghlaim agus Forbairt

In 2022, rinne Comhpháirtí Foghlama agus Forbartha na SCP comhoibriú le roinnt aonad eile sa tSCP chun oiliúint ar leith a bhaineann le hobair na SCP a rolladh amach.  Bhí an fhoireann TF san áireamh, foireann a chuir seisiúin ar siúl chun tacú le baill foirne i réimsí éagsúla, lenar áiríodh réimse na cibearshlándála.  Chuir an tOCS oiliúint ar fáil do bhaill foirne a bhí dírithe ar ghnéithe éagsúla den chosaint sonraí.

Cuireadh béim ar fhorbairt bhainistíochta arís in 2022.  De bharr go bhfuilimid ag feidhmiú i dtimpeallacht éiginnte a bhíonn ag síorathrú, forbaraíodh clár do na ceannairí sa tSCP - *Think Adapt Perform*. Cuireadh cúig sheimineár gréasáin ar siúl le linn na bliana mar chuid den chlár seo. Bhain an clár leas as an taighde is déanaí i réimse na heolaíochta néarchórais, i réimse na síceolaíochta dearfaí, agus i réimse na síceolaíochta spóirt chun uirlisí agus teicnící praiticiúla a chur ar fáil do rannpháirtithe a chabhróidh leo a bheith níos solúbtha agus athruithe a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtaí.  Ina theannta sin, roghnaíodh dháréag bainisteoirí chun páirt a ghlacadh sa chlár a bhí dírithe ar Cheannaireacht Sholúbhta Eagraíochta, a mhair cúig seachtaine, chun solúbthacht phearsanta agus daoine a fhorbairt i dtaca le meon agus

scileanna. Ina theannta sin, chomhlíon bainisteoirí clár OneLearning dar teideal 'Lucht Saothair Hibrideach a Bhainistiú', a thacaíonn le forbairt scileanna bainistíochta sa timpeallacht oibre hibrideach.

Cuireadh oiliúint speisialtachta ar fáil le linn 2022 i réimsí éagsúla, m.sh. soláthar, airgeadas, inbhuanaitheacht agus ESG, margaíocht, bainistíocht caighdeán, sláinte agus sábháilteacht, comhionannas agus éagsúlacht, athchóiriú digiteach, an Ghaeilge, cibearshlándáil, cosaint sonraí, anailís ghnó, agus anailísíocht sonraí.

### An tSláinte agus an Fholláine

In 2022, sheol an tSCP an Féilire bliantúil um Fhollaine na bhFostaithe. Gach mí, leagadh béim ar na téamaí trí imeachtaí agus ghníomhaíochtaí éagsúla. Ina theannta sin, sheol an tSCP clár dar teideal 'Clár Fitvision um Fholláine d'Fheidhmíocht: An tAistriú i dtreo Timpeallachta Hibridí', ina raibh cúig mhodúl a cuireadh ar siúl sa chéad leath den bhliain 2022. Chlúdaigh an clár réimsí éagsúla, m.sh. Folláine d'Fheidhmíocht, Teacht Aniar a Fhorbairt agus Meon Dearfach i leith an Fháis a Fhorbairt, Timpeallachtaí Éascaitheacha a Chruthú, Bainistíocht Éifeachtach Fuinnimh, agus Tú Féin agus Daoine Eile a Stiúradh agus an Todhchaí a Mhúnlú. I mí an Mheithimh, rinne gach ball foirne suirbhé Eirgeanamaíochta chun measúnú a dhéanamh ar a bhfolláine eirgeanamaíochta ag a staisiún oibre sa bhaile.

### Todhchaí na hOibre

Tháinig baill den ghrúpa um Thodhchaí na hOibre sa tSCP le chéile gach mí le linn 2022 chun bainistíocht a dhéanamh ar an aistriú i dtreo córais oibre hibridigh agus baineadh úsaid as cruinnithe Halla an Bhaile chun an t-eolas is déanaí a thabhairt do bhaill foirne maidir leis an bhFilleadh ar Áras na Caibidle agus maidir leis an aistriú i dtreo oibre hibridí. Cuireadh seisiúin dar teideal TEAM TIME ar fáil do gach ball foirne in Áras na Caibidle chun cabhrú le baill foirne agus bainisteoirí na scileanna atá ag teastáil chun oibriú go héifeachtach mar bhall d'fhoireann hibrideach a fhoghlaim.

Seoladh Polasaí na SCP um Obair Hibridreach ar an 21 Samhain. Sa Pholasaí, leagtar amach creat a thugann tacaíocht do bhaill foirne agus don eagraíocht maidir leis an leas is fearr a bhaint as féidearthachtaí na hoibre hibridí. Dearadh an polasaí i gcomhar le hionadaithe ón eagraíocht, leis an nGrúpa um Thodhchaí na hOibre agus leis an gCoiste Comhpháirtíochta agus aontaíodh é le Bord Bainistíochta na SCP, le Bord na SCP, agus le ceardchumainn na Státseirbhíse.

## Athchóiriú Digiteach

Tugann teicneolaíochtaí digiteacha agus an tionscadal tógála, an córas oibríochta hibrideach agus an dearadh i dtaca le todhchaí na hoibre tacaíocht don fhilleadh ar Áras na Caibidle agus do rolladh amach na hoibre hibridí, a bhaineann leas as nuálaíochtaí digiteacha chun modhanna oibre agus soláthar seirbhíse a fheabhsú.

Cuireadh córas nua gutháin VOIP i bhfeidhm in 2022. Tá an córas seo mar bhonn faoin gcóras oibre hibrideach, agus ligeann sé do bhaill foirne glaonna a dhéanamh agus a ghlacadh, is cuma má tá siad san oifig nó ag obair ón mbaile. Toisc go bhfuil baint idir an córas VOIP agus Microsoft 365, is ardán cumarsáide atá iomlán aontaithe é don tSCP, agus cinntíonn sé gur féidir linn leas a bhaint as ár n-infheistíocht in ardán Microsoft 365. Tá fianaise shoiléir feicthe againn le 12 mhí anuas a léiríonn go bhfuil líon na ndaoine a bhaineann úsáid as na teicneolaíochtaí a chuireamar i bhfeidhm ag ardú:

- Baineann 92% de na baill foirne sa tSCP úsáid as níos mó ná modh amháin chun cumarsáid dhigiteach a dhéanamh
- Baineann 92% de bhaill foirne úsáid rialta as teachtaireachtaí meandracha ar Microsoft Teams
- Baineann 95% de bhaill foirne úsáid as teachtaireachtaí ríomhphoist chun cumarsáid a dhéanamh
- Baineadh úsáid as straitéisí molta chun 99% de chruinnithe Teams a phleanáil
- Maireann 78% de chruinnithe níos lú ná 30 nóiméad
- Baineann 41% de bhaill foirne úsáid as táirgí Microsoft 365 ar níos mó ná gléas amháin (guthán, ríomhaire deisce, ríomhaire glúine)
- Bhí 510.2K gníomhaíocht ar Microsoft Team le 6 mhí anuas (méadú de 21% i gcomparáid leis na 6 mhí roimhe sin).

Baintear úsáid éifeachtach as an ardán físchomhdhála Zoom go fóill chun agallaimh ó chian a dhéanamh mar chuid den phróiseas earcaíochta. Le linn 2022, chuireamar 6222 cruinniú ar siúl le níos mó ná 53797 rannpháirtí. Bhí níos mó ná 95% de chustaiméirí sásta leis na seirbhísí le linn na bliana.

Dhréachtaigh an fhoireann bhainistíochta digití Straitéis Dhigiteach nua don tSCP go déanach sa bhliain 2022. Thug an Bord Bainistíochta faomhadh don Straitéis i mí Feabhra 2023.

## Cibearshlándáil

Díríodh arís ar an gcibearshlándáil in 2022, nuair a ceapadh Oifigeach Cibearshlándála ar leith sa tSCP i mí na Bealtaine, agus cuireadh ardán nua cibearshlándala i bhfeidhm a leagann béim ar na bagairtí a d'fhéadfadh cur isteach ar ghréasán na SCP. Baineann an teicneolaíocht seo úsaid as IS chun trácht gréasáin aimhrialta a aithint agus gníomhaíocht amhrasach a chosc ar bhealach neamhspleách.

Ag teacht leis na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh againn slándáil ár dtírdhreacha dhigitigh phoiblí a chinntiú, rinneadh athbhreithniú cuimsitheach slándála chun bearta cibearshlándála agus acmhainneachta sa tSCP a neartú.

Níor tharla aon sáru nó eachtra mhór cibearshlándála sa tSCP le linn 2022.

## Infreastruchtúr agus Oibríochtaí Líonra

Comhlíonadh trí thionscadal shuntasacha infreastruchtúir in 2022 - ár sonraí STAR/publicjobs.ie a aistriú chuig Ceantar Stórála nua i mBóthar Eoin, rinneadh uasghrádú ar bhallaí dóiteáin i mBóthar Eoin agus coimisiúnaíodh Soláthar Cumhachta gan Bhriseadh (UPS) i seomra an fhreastalaí in Áras na Caibidle, a ligfidh dúinn leas a bhaint as aga fónaimh níos fearr má tharlaíonn cliseadh cumhachta a imiríonn tionchar ar sheomra an fhreastalaí.

Bhí aga fónaimh 99.90% ar publicjobs.ie agus bhí aga fónaimh 99.78% ar thairseach na nIarrthóirí in 2022. Tá gach eisiuint sceidealaithe STAR san áireamh, agus éaradh seirbhíse sceidealaithe deich n-uaire an chloig don aistriú SAN.

## Ár gcórais bogearraí a fhorbairt

Rinneadh forbairtí bogearraí éagsúla ar phríomhchóras earcaíochta na SCP in 2022, agus leagadh béim ar an tslándáil, ar an inrochtaineacht, agus ar fheabhsú leanúnach thaithí an iarrthóra. Mar chuid de na feabhsúcháin seo, rinneadh leasuithe ar fhoirmeacha iarratais d'iarrthóirí agus ar an bhfeidhm a ligeann do dhaoine poist a chuardach chun ligean d'iarrthóirí teacht ar róil ar bhealach níos sciobtha i roinnt réimsí ar leith.

Ina theannta sin, rinne an fhoireann forbairt ar an bhfuinneamh a fobraíodh sna blianta roimhe sin chun leathanaigh ghréasáin agus micreashuíomhanna a fhorbairt chun tacú le comórtais earcaíochta éagsúla agus le tionscadail agus tionscnaimh eile sa tSCP, lena n-áiritear rannán nua ar leith ar publicjobs.ie a bhfuil sé mar aidhm aige eolas dinimiciúil agus cuí a thabhairt, mar aon le tairseach earcaíochta ar leith do róil do chomhairligh ospidéil.

Ina theannta sin, seoladh suíomh gréasáin nua go luath sa bhliain 2022 do stateboards.ie a chuireann comhéadan níos inrochtana agus oiriúnaí ar fáil agus a bhfuil córas bainistíochta ábhair mar bhonn faoi, a ligeann dúinn a bheith níos solúbtha agus ábhar á chruthú againn dár n-úsáideoirí.

Ina theannta sin, reáchtáil an tSCP ardán cumhachta Microsoft ar bhonn píolótach in 2022 chun scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir éifeachtacht a fheabhsú trí roinnt próiseas inmheánach sa tSCP a uathoibriú agus tá sé mar aidhm againn anailís leanúnach a dhéanamh ar an modh forbartha ísealchóid seo agus chun a fháil amach cad é an bealach is fearr chun an modh seo a chur i bhfeidhm le linn 2023.

### Tionscadal NOVA

Tá an tSCP tiomanta do na modheolaíochtaí agus na teicneolaíochtaí is fearr a úsaid chun daoine a earcú. Is é Tionscadal NOVA teideal an tionscadail atá dírithe ar chóras nua earcaíochta a aimsiú, a cheannach agus a chur i bhfeidhm.

D’oibrigh an Fhoireann Tionscadail go dlúth leis an Oifig um Sholáthar Rialtais agus le hOifig an Phríomh-Aturnae Stáit chun Ceistneoir Réamhcháiliúcháin (CRC) agus conradh a fhorbairt mar chuid de phróiseas soláthair ina bhfuil dhá chéim chun córas earcaíochta nua a aimsiú agus a fháil in ionad STAR.  Foilsíodh an CRC agus an conradh, lenar áiríodh Comhaontú Seirbhíse (CS) sa mhargadh, i Ráithe 2. Chuir an tSCP deireadh le céim an gCRC agus thug siad cuireadh do na soláthraithe ar éirigh leo chuig céim 2 den phróiseas soláthair.

Cuireadh tús le hobair ar fhorbairt an ITT, a fhoilseofar mar chuid de chéim 2 den phróiseas soláthair.

## Ár Spásanna Oibre a Athrú

Leanadh ar aghaidh leis an Tionscadal Uasghrádaithe in Áras na Caibidle le linn 2022 agus, cé gur cuireadh moill ar an dul chun cinn ag amanna le linn na bliana de bharr Covid-19 agus fadhbanna sa slabhra soláthair domhanda, rinneadh dul chun cinn suntasach ar an dá urlár a bhí fós le críochnú, agus, seachas mionoibreacha atá le críochnú i mí Eanáir 2023, tá deireadh curtha leis an tógáil. Tá sé beartaithe go bhfillfidh baill foirne ar an Dara hUrlár in Áras na Caibidle i mí Feabhra 2023; an chéad uair ó thús na paindéime go bhfuil an dá urlár ar fáil do bhaill foirne.

Chun cur leis an aidhm atá ag an tSCP bogadh i dtreo córais earcaíochta hibridigh, soláthraíodh teicneolaíochtaí closamhairc in 2022, de réir amlínte aontaithe agus cuireadh tús leis na suiteálacha go déanach sa bhliain 2022. De bharr fadhbanna sa slabhra soláthair domhanda, níor cuireadh tús leis an tionscadal in am agus, cé go ndearnadh iniúchadh ar theicneolaíochtaí eile, ní bheadh an fheidhmiúlacht a shonraigh an tSCP le linn na céime ag ar bailíodh riachtanais an tionscadail i gceist i dtaca le réitigh eile. Tá sé beartaithe go ndéanfar na suiteálacha atá fós le déanamh agus go gcoimisiúnófar seomraí agallaimh agus seomraí cruinnithe go luath sa bhliain 2023.

# Comhpháirtí ar féidir brath air

## Ár Seirbhís Earcaíochta agus Chomhairleach a Fhorbairt

### Teastas Gairmiúil i réimse na Fála Acmhainní agus i réimse na hEarcaíochta




Sheol an tSCP, i gcomhar leis an bhFR, Teastas Gairmiúil dhá bhliain i réimse na Fála Acmhainní agus i réimse na hEarcaíochta in 2022. Is teastas sainchuspóireach Leibhéal 8 é an clár seo, atá creidiúnuithe ag OÉ, agus léirigh eagraíochtaí seachtracha suim mhór ann; tháinig iarratais isteach ón bPríomh-Oifig Staidrimh, ón nGarda Síochána, ó Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, ó Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, agus ó FSS. Tá iarrthóirí inmheánacha ón tSCP ag glacadh páirt sa chlár seo chomh maith. Cuireadh tús leis an téarma ar an 4 Samhain, agus tá cur chuige cumaisc i bhfeidhm chun deis a thabhairt do rannpháirtithe teagmháil a dhéanamh le comghleacaithe sa státseirbhís.

### Gréasán Earcaitheoirí na Seirbhíse Poiblí

In 2022, bhí an-áthas orainn a fhógairt gur seoladh Gréasán Earcaitheoirí na Seirbhíse Poiblí, i gcomhar leis an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP). Is é cuspóir Ghréasán Earcaitheoirí na Seirbhíse Poiblí níos mó comhoibrithe a éascú i réimse na hearcaíochta agus na hardchaighdeáin atá i bhfeidhm sa tseirbhís phoiblí a chothabháil. Tá béim láidir ar dhea-chleachtas a roinnt sa tseirbhís phoiblí, ar dhúshláin/dheiseanna coitianta a aithint agus ar a bheith ag obair le chéile chun na daoine is fearr a mhealladh i dtreo ár n-eagraíochtaí.

Seoladh an Gréasán i mí Aibreáin 2022 agus glacadh leis go díograiseach agus tá níos mó ná 47 n-eagraíocht cláraithe go dtí seo. Tagann baill den ghréasán le chéile gach ráithe agus óstálann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí é, agus cuireann an CCSP leis.

Cuireann an Gréasán ardán ar fáil chun saineolas agus dea-chleachtas a roinnt sa tseirbhís phoiblí, maidir le hearcaíocht agus roghnú. Tá béim ar réimsí téamaí a thagann as an gcreat reachtaíochta agus beartais, mar shampla, an Cód Cleachtais, lucht saothair ina bhfuil éagsúlacht le brath a mhealladh agus a choinneáil,

ullmú d'ionad oibre na todhchaí, daoine cumasacha a mhealladh, treochtaí i margadh na hearcaíochta srl. Reáchtáladh seisiúin na bliana 2022 ar líne agus bhí siad dírithe ar na réimsí seo a leanas:

• Dea-Chleachtas maidir le hAthbhreithniú

• Dea-Chleachtas maidir le Measúnuithe

• Dea-Chleachtas i réimse an Chomhionannais, na hÉagsúlachta agus an Chuimsithe

• Dea-Chleachtas maidir le Daoine Cumasacha a Mhealladh

Chun tuiscint níos fearr a fháil ar gach réimse, cuireann eagraíochtaí agus daoine éagsúla leis na seisiúin (baill foirne ón tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, baill foirne ó bhaill den ghréasán agus saineolaithe seachtracha), mar aon le samplaí praiticiúla/cás-staidéir agus Ceisteanna agus Freagraí. Tá deis ann líonrú a dhéanamh, taithí a roinnt agus caidrimh a fhorbairt.

# Rialachas Corparáideach

### Ról Bhord na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí agus Ról an POF

Bunaíodh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí faoin Acht um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004. Tá foráil san Acht maidir le Príomhfheidhmeannach agus Bord a cheapadh. Forálann na struchtúir a cuireadh i bhfeidhm sa reachtaíocht go mbeidh an Príomhfheidhmeannach mar Oifigeach Cuntasaíochta don tSCP agus ina C(h)eannaire ainmnithe den Oifig Sceidealaithe de réir an Achta um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí, 1997. Dá bhrí sin, comhlacht den Státseirbhís is ea an tSCP agus tá impleacht aige sin maidir le ról agus cineál Bhord na SCP; ról comhairleach atá i gceist de bharr na bhfreagrachtaí láidre dlí atá ar an bPríomhfheidhmeannach.

### Ról an Oifigigh Chuntasaíochta

Tá an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ar cheann de roinnt bheag Comhlachtaí Stáit a bhfuil Oifigeach Cuntasaíochta Reachtúil (an Príomhfheidhmeannach) acu de réir mar a thuigtear in Alt 22 d'Acht an Státchiste agus Ranna Iniúchta, 1866, atá freagrach as cistí Vótáilte. Dá bhrí sin, tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na Cuntais Leithreasa agus nósanna airgeadais poiblí a bhaineann leo.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta féin freagrach don Choiste um Chuntais Phoiblí (CCP) den reachtas as rialtacht agus ionracas idirbheart sna cuntais a bhfuil siad freagrach astu chomh maith le barraineacht, héifeachtacht agus héifeachtúlacht na maoirseachta ar shócmhainní.

### Ról an Phríomhfheidhmeannaighmar Cheannasaí na hOifige Sceidealaithe

Tá an Príomhfheidhmeannach ainmnithe mar Cheannasaí na hOifige Sceidealaithe faoin Acht um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí, 1997. Sa mhéid sin, tá na freagrachtaí atá leagtha amach sa reachtaíocht ar an bPríomhfheidhmeannach seachas ar an mBord.

### Feidhmeanna an Bhoird

I gcoitinne, tá feidhm reachtúil ag bord na SCP comhairle a thabhairt seachas na feidhmeanna traidisiúnta a bhíonn ag Boird Stáit agus, tríd is tríd, baineann sé sin le comhairle nó treoir a thabhairt don Phríomhfheidhmeannach, rud a léiríonn an caidreamh freagrachta atá ag an bPOF leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá na feidhmeanna ar leith leagtha amach in alt 36 den Acht um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapachán), 2004.

| **Bord reatha na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí** |
| --- |
| ***Cathaoirleach***<br>Tom Moran, Iar-Ard-Rúnaí, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara<br>***Baill an Bhoird***<br>Shirley Comerfoad, Príomhfheidhmeannach, An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (*go dtí mí Iúil*)<br>Margaret McCabe, Príomhfheidhmeannach, An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (*ó mhí Iúil*)<br>Mary Hurley, Rúnaí Cúnta, An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil *(go dtí mí an Mhárta 2022)*<br>Fiona Quinn, Rúnaí Cúnta, An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil *(ó mhí an Mheithimh 2022)*<br>An Dr Eddie Molloy, Comhairleoir AD<br>Anne-Marie Taylor, Comhairleoir Bainistíochta<br>Mary Connaughton, Stiúrthóir Feidhmiúcháin, CIPD<br>Yvonne Cooke, Stiúrthóir Feidhmiúcháin Gníomhach na nAcmhainní Daonna agus na Forbartha Daoine, AGS *(ó mhí an Mheithimh 2022)*<br>Anne O'Connor, Príomhoifigeach Oibríochtaí, FSS *(go dtí mí an Mheithimh 2022)*<br>Colin Menton, Rúnaí Cúnta, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe *(ó mhí Dheireadh Fómhair 2022)*<br>Ann Marie Hoey, Stiúrthóir Náisiúnta na nAD, FSS *(ó mhí na Samhna 2022)* |

## Cruinnithe Boird

Bhí sé chruinniú boird in 2022 (ar an 23 Feabhra, an 22 Aibreán, an 22 Meitheamh, an 14 Meán Fómhair, ar an 8 Samhain, agus ar an 1 Nollaig).

| ***Ball den Bhord*** | ***Líon na gCruinnithe a raibh an Ball den Bhord i dteideal freastal orthu*** | ***Líon na gCruinnithe ar fhreastail an Ball den Bhord orthu*** |
| --- | --- | --- |
| Tom Moran (Cathaoirleach) | 6 | 6 |
| Shirley Comerford (POF) | 3 | 3 |
| Margaret McCabe (POF) | 3 | 3 |
| Anne-Marie Taylor | 6 | 6 |
| An Dr Eddie Molloy | 6 | 5 |

| | | |
|---|---|---|
| Colin Menton | 1 | 1 |
| Mary Connaughton | 6 | 6 |
| Yvonne Cooke | 3 | 3 |
| Anne O'Connor | 3 | 0 |
| Anne Marie Hoey | 1 | 1 |
| Mary Hurley | 1 | 0 |
| Fiona Quinn | 3 | 3 |

### An Bord Bainistíochta

Tá sé mar aidhm ag an mBord Bainistíochta a chinntiú go gcomhlíontar straitéis na heagraíochta agus a chinntiú go bhfuil struchtúir éifeachtacha bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear struchtúir rialachais chorparáidigh, agus go n-oibríonn siad go héifeachtach. Tá an Bord Bainistíochta freagrach as a chur in iúl do Bhord na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí go bhfuil úsáid éifeachtach á baint as na hacmhainní uilig agus, leis na hacmhainní a thugtar, a chinntiú go bhfuil an cumas ag an eagraíocht a dualgais reachtaíochta a chomhlíonadh.

Treoraíonn agus bainistíonn an fhoireann bhainistíochta cur i bhfeidhm na gcóras, na bpróiseas agus an iompair atá riachtanach chun dea-rialachas a chur chun cinn san eagraíocht agus a chinntíonn go n-oibríonn na baill foirne ar fad le chéile mar fhoireann den scoth. Tá an Creat Rialachais Chorparáidigh don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ar fáil ar publicjobs.ie. Tá gach ball den fhoireann bhainistíochta freagrach as ceannaireacht a léiriú, as cur le bainistíocht na heagraíochta i gcoitinne agus as cabhrú lena gcomhghleacaithe maidir lena spriocanna a bhaint amach. Léiríonn an lucht ceannaireachta agus bainistíochta rialachas éifeachtach ón mbarr, agus léiríonn siad dea-iompar rialachais chomh maith le tiomantas i dtaca le spriocanna a bhaint amach trí phróisis chuntasacha.

| ***Baill den Bhord Bainistíochta*** | |
|---|---|
| ***Ainm agus Ról*** | ***Freagrachtaí:*** |
| Margaret McCabe, Príomhfheidhmeannach, An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí *(in ionad Shirley Comerford ó 2022)* | Tá an Fheidhmeannacht Chorparáideach freagrach as beartas an Bhoird, straitéis, bainistíocht agus oibriú na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí a chur i bhfeidhm tríd an bPríomhfheidhmeannach. |
| Catherine Dobbins, Ceannasaí Seirbhísí Corporáideacha | Freagrach as seirbhísí corparáideacha, lena n-áirítear AD, Airgeadas, Comhlíonadh agus Dearbhú Cailíochta (lena n-áirítear Próisis Athbhreithnithe faoi chóid an CCSP agus gach feidhm a bhaineann leis an rialachas corparáideach). |

| | |
|---|---|
| Niall Leavy, Ceannasaí na Rannpháirtíochta sa Mhargadh | Freagrach as tacaíocht a thabhairt don Bhord Bainistíochta ar thionscadail éagsúla straitéiseacha agus forbartha a chabhraíonn leis an eagraíocht modhanna earcaíochta agus measúnaithe ceannródaíocha a aithint agus a ullmhú chun a chinntiú go soláthraítear seirbhís den scoth do chliaint san earnáil phoiblí ar bhonn leanúnach. |
| Aoife Lyons, Ceannasaí na Seirbhísí Measúnaithe | Bearta éifeachtacha, éifeachtúla agus dea-chleachtais mheasúnaithe a chur i bhfeidhm chun na hiarrthóirí is fearr is féidir a fháil a roghnú dár gcliaint. |
| Príomhoifigeach Oibríochta *(Ní raibh éinne sa phost – bhí Margaret McCabe sa phost go dtí mí Iúil 2022)* | Tacaíocht ardleibhéil a chur ar fáil don POF, agus freagracht as oibríochtaí ginearálta na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí, maidir le seirbhísí éifeachtacha agus éifeachtúla a chur ar fáil agus maidir lenár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach. |
| Sinéad Coleman, Ceannasaí Aismithe Tallainne don tSeirbhís Phoiblí *(in ionad John Keegan ó 2022)* | Freagrach as dea-chleachtais san earcaíocht agus sa roghnú a chur chun cinn chun iarrthóirí ar ardchaighdeán a aithint do róil éagsúla sa tSeirbhís Phoiblí. A chinntiú go mbaintear ardchaighdeáin soláthair seirbhíse amach chun córas freagrúil earcaíochta a chinntiú, ina gcuirtear na riachtanais a bhíonn ag cliaint agus ag iarrthóirí, a bhíonn ag síorathrú, san áireamh i réimse iomaíoch. |
| Sandra Cairns, Ceannasaí Aimsithe Tallainne don Státseirbhís | Freagrach as dea-chleachtais san earcaíocht agus sa roghnú a chur chun cinn chun iarrthóirí ar ardchaighdeán a aithint do róil éagsúla sa tSeirbhís Phoiblí. A chinntiú go mbaintear ardchaighdeáin soláthair seirbhíse amach chun córas freagrúil earcaíochta a chinntiú, ina gcuirtear na riachtanais a bhíonn ag cliaint agus ag iarrthóirí, a bhíonn ag síorathrú, san áireamh i réimse iomaíoch. |
| Michelle Noone, Ceannasaí na hEarcaíochta Sinsearaí agus Feidhmeannaí | Modhanna cuardaigh ar leith a úsáid chun iarrthóirí den scoth a aithint do cheapacháin mar Ardfheidhmeannaigh agus ag leibhéal Boird. Freagrach as bealach isteach agus próiseas oscailte, éifeachtach agus éifeachtúil a sholáthar chun daoine den scoth a aithint d'Airí chun gur féidir iad a mheas agus a cheapadh ar Bhoird Stáit. |
| Rosemarie O'Mahony, Ceannasaí an Athraithe Dhigitigh, na Straitéise agus na Nuálaíochta | Maoirseacht a dhéanamh ar straitéis a bhaint amach chun go mbaineann an tSeirbhís um Cheapacháin a haidhmeanna amach agus chun a chinntiú go bhfuilimid réidh chun dul ngleic le dúshláin agus chun deiseanna a thapú ar bhealach éifeachtach chun cur lenár seirbhísí. Maoirseacht a dhéanamh ar sholáthar Chlár Athchóirithe Dhigitigh na heagraíochta chun féachaint chuige go seasfaidh ár réitigh agus ár seirbhísí TF an aimsir, chun feidhmíocht eagraíochta a |

| | |
|---|---|
| | fheabhsú, agus chun stádas a bhaint amach don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí mar cheannaire san earcaíocht dhigiteach. |
| Ceannasaí na nDaoine agus an Chultúir *(bhí Róisín Walsh sa phost seo go dtí mí na Nollag 2022 - folúntas ann ó shin)* | Treoir a thabhairt maidir le straitéisí a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a mheas a bhaineann le daoine, a thacaíonn leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, i dtaca lenár bhfís, ár misean agus ár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach. |

## Struchtúr na hEagraíochta

Comhlíonann Aonad na Seirbhísí Earcaíochta agus Roghnaithe na príomhfheidhmeanna gnó. Tá foirne earcaíochta agus foirne imréitigh agus ceapacháin i gceist in ASER agus tá Bainisteoir Earcaíochta i gceannas ar gach foireann. Tá príomhfhreagracht ar leith ar gach foireann ach tá an struchtúr solúbtha go leor chun acmhainní a úsáid ar bhealach dírithe nuair atá éileamh mór i gceist am ar bith. Tá foireann speisialtachta freagrach as próiseas na mBord Stáit.

Tugann aonaid tacaíochta na hOifige cabhair d'ASER: Seirbhísí Measúnaithe, Cuardach d'Feidhmeannaigh, Margaíocht agus Cumarsáid, Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú, Teicneolaíocht Faisnéise, Airgeadas, Caidreamh le Cliaint agus le hIarrthóirí, Tacaíocht Ghnó agus Bainistíocht Saoráidí, Aonad Dlí agus Aonad Bhaill na mBord Roghnaithe, Daoine agus Cultúr, Comhlíonadh agus Dearbhú Cáilíochta, Anailísíocht Sonraí, agus Seirbhísí Tionscadail.

## An Coiste Iniúchta

Bhí na baill seo a leanas ar an gCoiste Iniúchta le linn 2022:

Clare McGrath (Cathaoirleach) (an dara téarma: 25 Meán Fómhair 2021 go dtí mí Mheán Fómhair 2022)

Kevin Smyth (Cathaoirleach) (An chéad téarma: 15 Meán Fómhair 2022)

Tom Young (an dara téarma: 15 Meán Fómhair 2019 go dtí mí na Nollag 2022)

Geraldine Kelly (chuir sí tús leis an dara téarma ar an 22 Meán Fómhair 2029 go dtí mí na Nollag 2022)

Anne-Marie Taylor, Ball de Bhord na SCP (an dara téarma: ag tosú 29 Bealtaine 2022)

Noel O'Connell (an chéad téarma: ag tosú ar an 15 Meán Fómhair 2022)

Louise Jevens (an chéad téarma: ag tosú ar an 15 Deireadh Fómhair 2022)

Comhlíonann an Coiste Iniúchta feidhmeanna maidir leis na réimsí seo a leanas:

• Rialáil Inmheánach

• Rialachas agus Bainistíocht Riosca

• Iniúchadh Inmheánach

• Iniúchadh Seachtrach

• Bainistíocht Airgeadais

• Feidhmeanna Tuairiscithe

Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire le linn 2021, ar an 31 Márta, ar an 23 Meitheamh, ar 29 Meán Fómhair agus ar an 1 Nollaig.

Dhírigh an Coiste ar a ról a fhorbairt maidir le tacaíocht sa bhreis a thabhairt don Oifigeach Cuntasaíochta i ngach gné den fheidhm iniúchta inmheánaigh. Sceidealaíodh cúig Iniúchadh, ón bPlean Straitéiseach um Iniúchtaí don bhliain 2022.

Rinne na comhpháirtithe iniúchta inmheánaigh na cúig thuarascáil iniúchta seo a leanas le linn 2022 agus cuireadh faoi bhráid an Choiste Iniúchta iad:

• Athbhreithniú ar an Rialáil Inmheánach

• Tuairisc ar Oibríochtaí ó Chian

• Athbhreithniú ar Bhainistíocht na Soláthraithe Ar Conradh a chuireann Seirbhísí ar fáil d’Iarrthóirí

• Athbhreithniú ar an Rialú Caighdeán i réimse na hEarcaíochta agus an Imréitigh

• Athbhreithniú ar Leanúnachas Gnó agus Athshlánú ó Thubaistí

Fuair an Coiste tuairisc faoin Rialú Inmheánach ag an gcruinniú i mí an Mhárta. Sa tuairisc, rinneadh achoimre ar na próisis rialaithe atá i bhfeidhm agus bhí mír ann a bhí dírithe ar na treoracha i dtuairisc an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i dtaca le tionchar Covid-19 ar an timpeallacht rialaithe. Ullmhaíodh an tuairisc do Bhord Bainistíochta na SCP agus cuireadh faoi bhráid an Choiste Iniúchta agus Bhord na SCP í chun a chur in iúl dóibh go bhfuil rialú inmheánach i bhfeidhm. Bhí ar gach Príomhoifigeach próisis rialaithe inmheánaigh a cheadú ina réimse agus réimsí ar ar féidir feabhas a chur a aithint. Cuireadh torthaí na gceistneoirí seo agus gach gné eile de na próisis rialaithe inmheánaigh san áireamh sa tuairisc. Cuireadh an

tuairisc ar aghaidh chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste chomh maith agus bhain an tOifigeach Cuntasaíochta úsáid aisti chun an Ráiteas um Rialú Inmheánach a cheadú.

## Bainistíocht Riosca

Forbraíodh Creat Bainistíochta Riosca agus Polasaí Bainistíochta Riosca atá oiriúnach don oifig. Déanann Grúpa Bainistíochta Riosca inmheánach maoirseacht ar chur i bhfeidhm agus ar mhonatóireacht an phróisis seo. Tuairiscíonn an Grúpa don Choiste Iniúchta Inmheánaigh ag gach cruinniú agus tugtar eolas faoi rioscaí reatha atá ag an eagraíocht don Choiste Iniúchta agus don Bhord ag gach cruinniú. Déantar mionphlé ar riosca tábhachtach amháin ag gach cruinniú den Choiste Iniúchta agus den Bhord. Rinneadh athbhreithniú ar an gClár Riosca Corparáideach le linn 2022. Pléann an Bord Bainistíochta é go rialta. Is iad seo a leanas na príomhrioscaí atá ann don eagraíocht faoi láthair: spriocanna eagraíochta/éilimh na gcliant a bhaint amach/a chomhlíonadh; daoine cumasacha a mhealladh; cibearshlándáil, agus an drochthionchar a bheidh ag Breithiúnas Shrems II ar réimse de ghníomhaíochtaí gnó. Tá roinnt mhaith ama caite agus roinnt mhaith acmhainní úsáidte chun na príomhrioscaí seo a laghdú.

### Spriocanna eagraíochta agus na nithe a bhfuil cliaint ag súil leo a bhaint amach/a chomhlíonadh

Tá roinnt beart laghdaithe i bhfeidhm ag an tSCP sa réimse seo, lena n-áirítear na hacmhainní atá ar fáil a thabhairt amach ar bhealach struchtúrtha tríd an bhFoghrúpa um Acmhainní a Fháil de chuid an Bhoird Bhainistíochta, agus tugtar acmhainní sa bhreis d'earcaíocht d'fheidhmeannaigh shinsearacha, d'earcaíocht ghairmiúil agus theicniúil, agus d'earcaíocht seirbhíse ginearálta chun na hamscálaí soláthair sna réimsí seo a fheabhsú. Cuirtear an tábhacht a bhaineann le pleanáil éifeachtach a dhéanamh don lucht saothair in iúl do chliaint, agus déantar cumarsáid agus teagmháil leanúnach le cliaint trí na struchtúir na foirne BCC agus trí shuirbhéanna do chliaint. Tá níos mó feiceálachta i bhfeidhm sa tSCP anois maidir le soláthar (tríd an Super 8) agus baineann sí úsáid as an gcreat tuairiscithe agus as sonraí chun acmhainní a dháileadh agus chun tacú le soláthar. Tá próisis á n-athdhearadh ar bhonn leanúnach chun torthaí a bhaint amach in ainneoin athruithe san éileamh agus sa soláthar, agus leagtar béim leanúnach ar phróisis ghnó a fheabhsú, ar an uathoibriú agus ar an gcaighdeánú. Déanann na Baill den Bhord Bainistíochta atá freagrach as Earcaíocht agus Roghnú monatóireacht ar chur i bhfeidhm an Phlean Gnímh um Sholáthar Seirbhíse, agus pléann an Bord agus an Bord Bainistíochta an soláthar seirbhíse go rialta.

### Na Buanna agus na Scileanna atá ag teastáil ó Cliaint a Mhealladh

Tá roinnt beart laghdaithe i bhfeidhm sa tSCP chun aghaidh a thabhairt ar an riosca seo, lena n-áirítear an t-aistriú i dtreo straitéisí margaíochta atá dírithe ar chúrsaí digiteacha agus úsáid a bhaint as cainéil meán sóisialta. Rinneamar infheistíocht chomh maith sa Tionscnamh Achmainní Scoileanna de chuid Public Jobs

chun tuiscint ar na gairmeacha atá ar fáil sa tseirbhís phoiblí a chur chun cinn i measc fágálaithe scoile. Rinne réimse an CÉ&C obair shuntasach for-rochtana chun díriú ar ghrúpaí faoi ghannionadaíocht agus tuiscint ar ghairmeacha atá ar fáil sa tseirbhís phoiblí agus ar publicjobs.ie a chur chun cinn. Laghdaíomar na hamscálaí do roinnt feachtas agus déanfaimid athbhreithniú ar an tionchar atá ag an laghdú seo ar líon na ndaoine a mhealltar. Cuireadh cur chuige nua i leith na hearcaíochta do chéimithe i bhfeidhm do roinnt feachtas, agus forbraíodh modhanna measúnaithe nua chun béim a leagan ar na scileanna atá ag teastáil. Cuireadh in iúl do chliaint go bhfuil sé tábhachtach Obair Hibrideach a chur ar fáil.

### Breithiúnas Shrems II

Rinneadh monatóireacht ar an riosca a bhaineann le sonraí a aistriú chuig an RA de réir forbairtí polaitiúla sa RA, agus níor tháinig méadú ar an riosca seo le linn 2022.

Aithníodh go bhféadfadh forbairtí dlí sna Stáit Aontaithe agus forbairtí a tharla de bharr torthaí ó fhorais mhaoirseachta cosanta sonraí san Eoraip agus ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i dtaca leis an gceart chun príobháideachais tionchar suntasach a bheith acu ar ár gcumas eolas pearsanta a sheoladh chuig soláthraithe atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe nó ag obair ó na Stáit Aontaithe. Go sonrach, rinneadh cinntí suntasacha i roinnt tíortha san Eoraip i dtaca le cosc a chur ar úsáid Google Analytics, de bharr na slí a n-aistríonn agus a bpróiseálann an comhlacht sin sonraí. Cosúil leis sin, de bharr fadhbanna trédhearcachta i dtaca le sonraí teiliméadrachta a chruthaíonn agus a phróiseálann Microsoft Office 365, cuireadh cosc ar úsáid na mbogearraí sin i scoileanna sa Ghearmáin, agus má leathnófar an cinneadh sin, is féidir go mbeadh tionchar tromchúiseach aige ar chumas na SCP gnó a dhéanamh.

Tá roinnt cásanna dlí ábhartha fós ar siúl, agus tá monatóireacht á déanamh ag an OCS orthu. Cuireadh moltaí i dtaca le haontú nua maidir le sonraí a roinnt idir an tAontas Eorpach agus na Stáit Aontaithe chun tosaigh ag leibhéal na hEorpa in 2022, agus tá sé sin á phlé leis na SA faoi láthair, ach cheistigh gníomhaithe príobháideachais an t-aontú seo agus d'aithin siad fadhbanna maidir leis an gcaoi ar féidir sonraí pearsanta a phróiseáil sna SA. Faoi dheireadh na bliana 2022, ní raibh sé soiléir an gcuirfeadh an t-aontú nua maidir le sonraí a roinnt réiteach sealadach nó réiteach buan ar fáil i dtaca le sonraí a aistriú chuig na SA.

Faoi láthair, tá gach céim glactha ag an tSCP chun riosca a laghdú, ach tuigtear nach bhfuil sé de chumas ag an tSCP athruithe a chur i bhfeidhm ar an gcaoi a bpléann roinnt eagraíochtaí/soláthraithe (m.sh. Microsoft) le sonraí pearsanta, agus is féidir go mbeadh ar an tSCP glacadh le riosca chun gur féidir leis an tSCP a príomhfheidhmeanna a chomhlíonadh.

## Cibearshlándáil

Rolladh amach oiliúint i réimse na cibearshlándála do gach ball foirne agus tá monatóireacht á déanamh ag an mBord Bainistíochta ar rátaí críochnaithe. Cuireadh roinnt seisiún gearr a bhí dírithe ar thuiscint ar chúrsaí Cibearshlándála ar siúl do bhaill foirne chomh maith.

Cuireadh Caighdeán Bunlíne Cibearshlándála na Státseirbhíse i bhfeidhm in 2022. Beidh sé mar phríomhaidhm ag an tSCP in 2023 ár gcomhlíonadh leis na caighdeáin seo a thomhas. Chuir Oifigeach Cibearshlándála na SCP tús leis an bpróiseas chun féinmheasúnú a dhéanamh i gcomparáid le Creat Féinmheasúnaithe Cibearsheasmhachta CSBS. Táthar ag súil leis go gcuirfear deireadh leis an measúnú seo go déanach i mí an Mhárta 2023.

## An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014 - 2022

Faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, caithfear tuarascáil a fhoilsiú gach bliain a bhaineann le líon na nochtuithe cosanta a rinneadh sa bhliain roimhe sin agus, ina theannta sin, caithfear eolas a fhoilsiú a bhaineann le bearta a cuireadh i bhfeidhm mar fhreagairt ar nochtuithe cosanta a rinneadh. Ní bhfuair an tSCP aon nochtadh cosanta in 2022.

Ina theannta sin, chláraigh an tSCP do Chlár Thrédhearacht Idirnáisiúnta na hÉireann (TIÉ) um Ionracas agus Obair agus rolladh an clár seo amach do bhaill foirne. Mar chuid den chlár seo, tá rochtain ag baill foirne ar líne chabhrach agus ar ionad comhairle. Ina theannta sin, oibríonn TIÉ leis an tSCP chun plean gnímh a chur i bhfeidhm chun trédhearcacht a chur chun cinn san ionad oibre agus chun tacaíocht a thabhairt d'athbhreithniú ar ár bPolasaí um Nochtaí Cosanta agus ar ár bpróisis. Aontaíodh ár bPolasaí nua i mí na Nollag 2022 agus tá sé ar fáil ar ár suíomh gréasáin. Tá oiliúint agus eolas á chur ar fáil mar chuid dár mballraíocht sa chlár.


## Cosaint Sonraí

Tá sonraí riachtanach do ghnó riaracháin. Bailíonn an eagraíocht sonraí pearsanta ónár n-iarrthóirí, ó bhaill dár mboird roghnaithe, ó sholáthraithe agus ó bhaill foirne agus, sa mhéid sin, tá dualgas orainn iad a úsáid ar bhealach éifeachtach agus go heiticiúil. Cé go bhfuil ceart chun príobháideachais ag an duine aonair, ag an am céanna tá riachtanais chuí ghnó ag an tSCP agus ní mór do gach ball foirne a bheith aireach faoi na cearta sin agus na caighdeáin is airde a chur i bhfeidhm sa chomhthéacs sin. Rinneadh an Cód Cleachtais um Shonraí Pearsanta a Chosaint a nuashonrú in 2022 chun úsaid teicneolaíochtaí a léiriú, m.sh. físagallaimh, físagallaimh aontreo agus tástálacha ó chian ar a ndéantar feitheoireacht ó chian.

Chuir an Coimisiún um Chosaint Sonraí tús le hiniúchadh ar Thaifead Gníomhaíochta Próiseála na SCP i mí Feabhra 2022. Fuarthas aiseolas an-dearfach ón gCoimisiún, agus luaigh siad na sonraí cuimsitheacha a bhí ar fáil i gcuntas na SCP ar an gcaoi a ndéantar gníomhaíochtaí casta próiseála san eagraíocht seo. Moladh cúpla mionbheart riaracháin, agus thug an fhoireann um chosaint sonraí aghaidh orthu. Déanfar athbhreithniú ar an ROPA arís i R2 in 2023, agus ar bhonn bliantúil amach anseo chun a chinntiú go leiríonn sé an chaoi a ndéantar gnó.

Leanamar ar aghaidh leis an tionscadal um Thaifid Dhigiteacha agus um Réitigh Bhainistíochta Cáipéisí le linn 2022. Cuireadh tús leis an tionscadal seo in 2021 chun an riosca a bhaineann le cáipéisí a choinnítear ar chóras coinneála comhad na SCP lasmuigh den tréimhse choinneála a laghdú, agus chun a chinntiú go bhfuil an tSCP in ann bogadh chuig córas coinneála comhad nua mar chuid de thionscadal Office 365. Faoi dheireadh 2022, bhí ar sheacht eolaire a bhí gníomach agus líon beag eolairí oidhreachta an tionscadal a chríochnú. Táthar ag súil leis go gcuirfear deireadh leis an ngné seo den tionscadal roimh R2, 2023. Bunaithe ar an obair a rinneadh in 2022, tá an tSCP in ann córas bainistíochta comhad nua a lorg. Dar leis an tSCP nach bhfuil ach riosca beag ag baint leis na sonraí atá sna heolairí atá fágtha.

Maidir leis na comhaid a tugadh ar ais don tSCP le linn na paindéime, ní raibh an tSCP in ann caoi a chur ar na páipéir sin in 2022 de bharr go raibh riachtanais ghnó phráinneacha eile i gceist. Rinne ár nAonad um Thacaíocht Foirgnimh obair shuntasach, áfach, chun na páipéir uilig i ngach bosca atá á stóráil faoi láthair in ionad stórála sealadach a aithint, rud a chiallaíonn gur féidir linn na taifid sna boscaí seo a chuardach ar chúiseanna gnó. Laghdaíodh an riosca a bhaineann leis an gcaoi a bhfuil na boscaí seo lasmuigh den chóras bainistíochta taifead dá bharr. Tá sé i gceist na cáipéisí seo a chur san áireamh nuair a dhéantar na páipéir inár seomra stórála do chomhaid a ghlanadh suas, tionscadal ar cuireadh tús leis i mí Feabhra 2023.



As na 24 shárú as a raibh an tSCP freagrach in 2022, tharla 19 acu de bharr gur scaipeadh eolas gan chead, agus bhain 12 acu siúd le teachtaireachtaí ríomhphoist; .i. chuir baill foirne na SCP na cáipéisí míchearta leis an teachtaireacht, sheol baill foirne na SCP eolas chuig an seoladh ríomhphoist mícheart, nó bhain baill foirne na SCP úsaid as an ordú *cóip* in ionad an ordaithe *cóip ceilte* nuair a bhí eolas á sheoladh acu chuig daoine éagsúla. Bhain trí shárú le scarbhileoga Excel a úsáid chun eolas a sheoladh chuig iarrthóirí trínár bhfeidhmchlár earcaíochta - i gcás amháin, bhí botún sa scarbhileog, agus sa dá chás eile, uaslódáladh an scarbhileog mhícheart. Tharla sárú amháin nuair a chóipeáil soláthraí cliant isteach i dteachtaireacht ríomhphoist ina raibh torthaí iarrthóirí (níor lean siad na treoracha). Tharla sárú amháin nuair a tugadh rochtain ar fhillteán Sharefile do dhuine trí thimpiste, agus tharla sárú eile nuair a seoladh sonraí faoi Bhaill de Bhord chuig iarrthóirí trínár gcóras earcaíochta trí thimpiste. Rangaíodh na sáruithe seo uilig mar Sháruithe Íseal-Riosca agus níor chuir an Coimisiún um Chosaint Sonraí tús le haon imscrúduithe i dtaca leis na sáruithe seo.


Tharla sárú amháin a d'fhéadfadh a bheith tromchúiseach nuair a phriontáil Ball de Bhord cóip d'fhoirmeacha iarratais iarrthóirí gan chead agus nuair a chaill siad iad i spás poiblí ina dhiaidh sin. Cuireadh in iúl do gach duine b'ábhar do na sonraí gur tharla an sárú seo agus, go dtí seo, ní dhearnadh aon ghearán don Choimisiún um Chosaint Sonraí maidir leis seo. Cuirtear i gcuimhne do gach Ball de Bhord ag gach seisiún oiliúna go bhfuil sé fíorthábhachtach gan cáipéisí a phriontáil sa bhaile. Nuashonraíodh an ráiteas rúndachta agus Cáipéisí eile do Bhaill de Bhoird chun béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le treoracha na SCP maidir le sonraí pearsanta a chosaint a leanúint go beacht.

Maidir leis na cúig shárú eile, bhain ceann amháin acu le cruinniú foirne inmheánach a taifeadadh ar Zoom gan cead a lorg roimh ré. Bhain ceann acu le fabht sa chóras earcaíochta, .i. nuair a osclaíodh roinnt foirmeacha iarratais, shábhálfaí an t-eolas ó cheann amhain acu ar cheann eile acu. Chuir foireann forbartha TF na SCP bearta i bhfeidhm chun a chinntiú nach féidir leis an rud céanna tarlú arís amach anseo. Bhain dhá shárú le hIonadaithe na SCP a scrios nótaí ó Agallaimh trí thimpiste sular uaslódáil siad iad ar Sharefile, rud a chiallaíonn gur cailleadh sonraí. Bhain an sárú deireanach le hIonadaí na SCP nár thuig na treoracha a tugadh dóibh i gceart agus nár choimeád taifead ar chur i láthair.

Cuireadh seisiún oiliúna ar sháruithe ar shonraí dar teideal 'Cosaint Sonraí 101' ar fáil do bhaill foirne i R2 agus arís i R3 in 2022, chun béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le hiarracht a dhéanamh sáruithe den chineál seo a sheachaint amach anseo. Bíonn an tOCS i láthair ag gach seisiún oiliúna do Bhaill de Bhoird agus d'Ionadaithe na SCP chun béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le nósanna imeachta a leanúint agus an tábhacht a bhaineann leis an rúndacht inár bpróisis.

## Saoráil Faisnéise

Tá triúr Cinnteoirí ainmnithe don tSaoráil Faisnéise chomh maith le hAthbhreithneoir Inmheánach amháin (agus ionadaí amháin do gach ról sa chás go mbeadh an Cinnteoir/an tAthbhreithnitheoir Inmheánach as láthair nó páirteach san ábhar ar dhóigh ar bith) sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí in 2022. Seo thíos sonraí faoi iarratais Saorála Faisnéise a rinneadh in 2022.




## Comhlíonadh le Cóid Chleachtais an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP)

Tá an tAonad Comhlíonta freagrach as próiseas athbhreithnithe a dhéanamh faoi Alt 7 agus Alt 8 de Chóid an CCSP, agus as caighdeáin arda a chur i bhfeidhm i bpróisis athbhreithnithe ar phróisis nach bhfuil baint ag na Cóid leo. Sa phróiseas athbhreithnithe, déantar athbhreithniú ar gach eolas ábhartha, ag cinntiú go gcuirtear eolas tábhachtach ar fáil, agus ag cinntiú go dtuigtear an próiseas atá i gceist. Déantar teagmháil le Baill de Bhoird Agallaimh agus le hIonadaithe na SCP má bhaineann an t-athbhreithniú le próiseas gearrliostaithe nó agallaimh.

Is féidir leis an Athbhreithneoir moltaí a dhéanamh bunaithe ar thoradh an athbhreithnithe. Déantar na moltaí do Riarthóir Caighdeáin a bhfuil sé mar aidhm acu struchtúr agus próiseas bainistíochta caighdeán a chur i bhfeidhm sa tSCP, agus déantar moltaí tríd an struchtúr seo anois.

Próiseáladh 325 iarratas ar fad ar athbhreithniú/achomharc in 2022 mar seo a leanas:

| Alt 7 | Alt 8 | Taobh Amuigh de na Cóid |
|---|---|---|
| 313 | 11 | 1 |

As 325 iarratas a fuarthas d'éirigh le hiarrthóirí i 33 acu agus athraíodh an chéad chinneadh a rinne an tSCP.

Rinne an Fhoireann Chomhlíonta agus Dearbhaithe Cáilíochta 6 mholadh de thoradh ar phróisis athbhreithnithe fhoirmiúla a rinneadh in 2022. Clúdaíonn na cineálacha moltaí a rinneadh le linn 2022 réimsí éagsúla sa phróiseas agus baineann siad le baill foirne na SCP agus le Baill de Bhoird. Tá na réimsí seo a leanas i gceist:

- go ndéanfar athbhreithniú ar nósanna imeachta chun treoracha maidir leis na céimeanna ar chóir a ghlacadh sula ndéantar teagmháil le fostóir reatha agus go gcuirfear beart dearbhaithe de chineál éigin i bhfeidhm sa phróiseas chun a chinntiú go gcloíonn iarrthóir le gach riachtanas eile sula ndéantar teagmháil le fostóir reatha;
- go ndéanfar aonaid a gcáipéisí a dhearbhú, ó thaobh cáilíochta de, chun a chinntiú go gcuirtear eolas faoi na céimeanna éagsúla sa phróiseas ceapacháin ar fáil d'iarrthóirí i bhformáid uilíoch, de réir an Chóid Chleachtais. Tugadh faoi deara nach bhfuil eolas faoin bpróiseas gearrliostaithe, a bhíodh le fáil ag tús an leagain roimhe seo, ar fáil sna hiarratais ghréasáin a thuilleadh, agus gur chóir smaoineamh ar an eolas seo a chur ar fáil sna foirmeacha gréasáin;
- go molfar do Bhaill de Bhoird gan trácht ar chumas iarrthóra le linn cuir i láthair nó agallaimh nuair atá an t-iarrthóir i láthair;
- go gcuirfear beart i bhfeidhm chun teachtaireachtaí ríomphoist a thagann chuig bosca ríomhphoist an aonaid CÉ&C a rangú/mharcáil mar theachtaireachtaí atá léite/nach bhfuil léite srl. chun a chinntiú nach gcaillfear teachtaireachtaí mar go bhfuil an méid seo a leanas ar fáil i gCód Cleachtais an CCSP - "Tá tiomantas do chumarsáid oscailte, phras agus éifeachtach le hiarrthóirí ag teastáil ón gCoimisiún. Ní mór freagra a thabhairt ar gach ceist ar bhealach cuí, éifeachtach agus pras";
- go ndéanfar Aonaid Earcaíochta athbhreithniú ar an eolas a thugtar faoi na riachtanais cháilitheachta amach anseo, féachaint an féidir na riachtanais seo a shoiléiriú. Tháinig sé seo chun cinn sa chomórtas d'OF i réimse an Ghnó/Airgeadais.

Ní dhearna an CCSP aon mholtaí i dtaca le himscrúduithe a rinne an foras sin le linn 2022.

Mar bhall den Ghréasán Earcaitheoirí agus de bharr ár róil mar Chomhairleoir Iontaofa, chuir an tSCP tús le Clinic Athbhreithnithe d'fhorais Státseirbhíse agus Seirbhíse Poiblí eile le linn 2022 chun dea-chleachtas i dtaca le himscrúduithe a dhéanamh agus i dtaca le dul i ngleic le próisis athbhreithnithe agus gearáin chasta a roinnt. Mar thoradh air sin, chuir an tSCP oiliúint fhoirmiúil ar siúl do ranna eile faoin gcaoi ar chóir próisis athbhreithnithe a reáchtáil faoi Alt 7 agus Alt 8 i mí na Nollag 2022. Fuaireamar aiseolas an-dearfach faoi seo, agus tá sé beartaithe seisiúin eile a chur ar siúl in 2023.

### Clár Feabhsaithe Caighdeáin

In 2022, lean an tSCP leis an bpróiseas chun córas bainistíochta caighdeáin a chur i bhfeidhm sa tSCP, ina bhfuil foireann Riaracháin Caighdeáin i bhfeidhm. Cuireann na ceachtanna a foghlaimíodh ón athbhreithniú a rinneadh faoi Chóid Chleachtais an CCSP leis an bpróiseas caighdeáin, mar aon le hathbhreithniú cuimsitheach caighdeáin ar na fadhbanna atá san eagraíocht (agus ar "neas-timpisití").

Rinneadh dul chun cinn suntasach i dtaca leis an aidhm atá ag an tSCP cáipéisí earcaíochta a chaighdeánú a bhaint amach. Dá bharr seo, bhí an Fhoireann Riaracháin Cháilíochta in ann díriú ar Threoir na SCP maidir le hEarcaíocht a nuashonrú chun na próisis earcaíochta éagsúla a dhéantar i réimsí gnó éagsúla sa tSCP a léiriú. Cuireadh tús leis an tionscadal seo i R4 in 2022 agus tá sé beartaithe deireadh a chur leis roimh R2 in 2023.

### Comhlíonadh le hAchtanna na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus 2021

Clúdaíonn an Scéim Teanga reatha an tréimhse 2017 go dtí 2020 agus beidh an scéim seo i bhfeidhm go dtí go gcuirfear Caighdeán Teanga i bhfeidhm faoi fhorálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021. Bhí ábhar na Scéime reatha bunaithe ar threoirlínte an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus bunaíodh an t-ábhar ar ár dtaithí maidir le geallúintí sa Scéim a bhí i bhfeidhm go dtí 2017 a sholáthar; ar na haighneachtaí a fuarthas ón bpobal; ar aiseolas leanúnach ó chustaiméirí; ar athbhreithniú ar leibhéal an éilimh do sheirbhísí trí Ghaeilge agus ar mholtaí ó bhaill foirne. Comhlíonann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí na dualgais seo ar bhonn leanúnach agus cuirtear leis an dul chun cinn a rinneadh le linn na scéime deiridh. Coinníonn an Bord Bainistíochta súil ar chur i bhfeidhm éifeachtach na Scéime. Tá ardbhainistíocht na heagraíochta freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar an Scéim ó lá go lá. De réir mar a athraíonn ról na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí le himeacht ama, déanfar gach iarracht úsáid a bhaint as gach deis a tharlaíonn chun an tseirbhís a sholáthraítear don phobal trí Ghaeilge a fheabhsú.

Chun a chinntiú go gcloíonn an tSCP le hAcht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021, agus chun an eagraíocht a ullmhú do chur i bhfeidhm forálacha sa bhreis faoin Acht seo, ghlac an tSCP na céimeanna seo a leanas in 2022:

- D'ainmnigh an tSCP ionadaí ar an gCoiste Comhairleach um Sheirbhísí Gaeilge (Sinéad Coleman) a fhoilseoidh Plean Náisiúnta maidir le Seirbhísí Gaeilge a chur ar fáil sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí roimh 2024;
- Bunaíodh Grúpa Gaeilge inmheánach, tras-eagraíochta, a thagann le chéile ó am go ham chun plé a dhéanamh ar chomhlíonadh leis an Acht agus chun pleanáil a dhéanamh i dtaca le forálacha agus bearta sa bhreis a chur i bhfeidhm amach anseo;

- Rinneadh forbairt ar an gcaidreamh oibre atá ag an tSCP le hOifig an Choimisinéara Teanga agus le Roinn na Gaeltachta;
- Cuireadh ball foirne nua ag obair ar Fhoireann na Gaeilge chun an fhoireann a fhorbairt.

Cuirfidh an tSCP na bearta cuí i bhfeidhm chun a chinntiú go gcloíonn an eagraíocht le reachtaíocht, beartas agus dea-chleachtas teanga.

**Cloí le Ciorclán 25/2016:**

Sa Chiorclán seo, leagtar amach an Prótacal maidir le hEolas a Chur ar Fáil do Bhaill den Oireachtas ó Fhorais Stáit atá faoi chúram an Rialtais.

Ní mór don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí seoladh ríomhphoist ar leith a chur ar fáil agus a choinneáil do bhaill den Oireachtas, agus an seoladh seo a chur chun cinn le baill an Oireachtais. Is é oireachtasqueries@publicjobs.ie an seoladh seo.

Tá sé i gceist againn próisis fhoirmiúla aiseolais a chur i bhfeidhm chun aiseolas a fháil ó bhaill den Oireachtas trí shuirbhé in 2024.

Tá sé mar aidhm againn admháil a thabhairt maidir le ceisteanna ar an lá a dtagann siad isteach, ach laistigh de thrí lá oibre i gcónaí. San admháil, cuirtear na sonraí teagmhála don bhall foirne atá ag fiosrú na ceiste san áireamh. Cé gurb é 15 lá oibre an tréimhse ama do fhreagra substainteach, bíonn sé mar aidhm againn freagra a thabhairt laistigh de 10 lá oibre.

Ainmníodh duine ag leibhéal ardbhainistíochta mar dhuine atá freagrach as a chinntiú go gcuirtear eolas ar fáil do bhaill an Oireachtais ar bhealach pras.

Ag cloí le meon na Comhpháirtíochta Oscailte Rialtais, foilseoimid freagraí ar cheisteanna ó bhaill den Oireachtas ar ár suíomh gréasáin nuair is cuí.

## Inbhuanaitheacht

In 2022 chuir an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí bearta éagsúla i bhfeidhm chun úsáid fuinnimh a fheabhsú, mar seo a leanas:

- Baill foirne a choinneáil ar an eolas go leanúnach maidir le fuinneamh a shábháil;
- Rinneadh uasghrádú ar chórais bhainistíochta foirgneamh, a ligfidh dúinn monatóireacht níos géire a dhéanamh ar theas/fhuarú in Áras na Caibidle san oifig agus ó chian;
- Rinneadh uasghrádú ar an gCóras Aerchóirithe agus cuireadh aonaid níos éifeachtaí i bhfeidhm;
- Na soilse a uasghrádú d'fhearais LED ina bhfuil braiteoirí láithreachta;
- Forbraíodh Plean um Ghníomhú ar Son na hAeráide, agus thug an Bord Bainistíocht faomhadh dó;
- Ag oibriú go dlúth le comhairleoir i réimse an Fhuinnimh san Ionad Oibre chun an leas is fearr a bhaint as bearta sábháilte fuinnimh in Áras na Caibidle;
- Cuireadh athruithe i bhfeidhm ar shoilisú seachtrach agus ar theochtaí laistigh d'Áras na Caibidle de réir Bheartas an Rialtais i dtaca le Foirgnimh Phoiblí;
- Bunaíodh Foireann um Chúrsaí Comhshaoil agus Rialú Sóisialta, a chabhróidh linn Polasaí Inbhuanaitheachta na Seirbhíse um Cheapacháin a chruthú;
- Cuireadh conradh nua do Sheirbhísí Priontála i bhfeidhm, a chabhróidh linn úsáid an pháipéir a laghdú sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

### Soláthar Poiblí Glas

Is próiseas é an Soláthar Poiblí Glas a úsáideann údaráis phoiblí chun iarracht a dhéanamh earraí, seirbhísí nó oibreacha a sholáthar ar bhealach a laghdaíonn an tionchar a bheadh acu ar an timpeallacht. Cuirtear béim i gCiorclán 20/10 - Cúinsí Timpeallachta agus Sóisialta i dtaca leis an Soláthar Poiblí a chur Chun Cinn, ar thosaíocht an Rialtais i dtaca leis an Soláthar Poiblí Glas a chur chun cinn. Cuireann an Ciorclán iachall ar eagraíochtaí machnamh a dhéanamh ar chritéir 'ghlasa' a chur san áireamh ina bpróisis soláthair.

Baineann an tSeirbhís um Cheapacháin úsáid as Creataí de chuid na hOifige um Sholáthar Rialtais nuair is féidir. Sa chás nach bhfuil creat oiriúnach ann, déanann an tSCP a soláthar féin agus caithfidh gach duine atá freagrach as buiséad cloí le Nósanna Soláthair na SCP.  Cuireann na Nósanna seo béim ar an tábhacht a bhaineann leis an Soláthar Poiblí Glas.

## Achoimre ar Úsáid Fuinnimh sa bhliain 2021


Baineann úsáid fuinnimh den chuid is mó le teas/soilsiú agus le huisce a chur ar fáil san oifig in Áras na Caibidle. Is é seo a leanas briseadh síos ar úsaid an fhuinnimh in Áras na Caibidle in 2022:


Úsaid Leictreachais 506 MWh


Úsáid Breoslaí Iontaise 334 MWh


Úsáid Iomlán  840 MWh


# AGUISÍN I - Achoimre ar Ghníomhaíocht Earcaíochta












**Gníomhaíochtaí Earcaíochta Oibríochta de réir Rannóige, 2022**





| | Fógraí | Iarratais | Measúnuithe | Agallaimh | Ceapacháin |
|---|---|---|---|---|---|
| Boird Stáit | 99 | 1,870 | 1,567 | 130 | 196 |
| Poist eile sa tSeirbhís Phoiblí | 15 | 304 | 187 | 99 | 13 |
| Údaráis Áitiúla | 57 | 1,966 | 2,298 | 468 | 279 |
| FSS | 254 | 830 | 620 | 542 | 210 |
| Gardaí agus Oifigigh Phríosúin | 5 | 14,878 | 9,392 | 1,886 | 1,382 |
| Státseirbhís | 162 | 45,060 | 37,310 | 10,908 | 7,521 |

**Príomhtháscairí Feidhmíochta RSD – 2022**





| | 1. Poist a Líonadh | Tréimhsí Ama Soláthair d'Fheachtais | Ceapacháin i nGráid Ghinearálta |
|---|---|---|---|
| Lasmuigh de na Príomhtháscairí Feidhmíochta | 270 | 123 | 3,371 |
| Laistigh de na Príomhtháscairí Feidhmíochta | 6,463 | 328 | 1,359 |

## Tréimhsí Ama maidir le Feachtais a Sholáthar de réir na hEarnála – 2022





| | 1. Earcaíocht d'Fheidhmeannaigh Shinsearacha | 2. Boird Stáit | 3. Comhairligh Ospidéil | 4. Róil Ghairmiúla agus Theicniúla | 5. Rialtas Áitiúil |
|---|---|---|---|---|---|
| Lasmuigh de na Príomhtháscairí Feidhmíochta | 26 | 22 | 48 | 29 | 10 |
| Laistigh de na Príomhtháscairí Feidhmíochta | 20 | 54 | 136 | 79 | 39 |
| % Laistigh de na Príomhtháscairí Feidhmíochta | 43% | 71% | 74% | 73% | 80% |

## Tréimhsí Ama maidir le Feachtais a Sholáthar, 2022 – Iomlán de réir Ráithe





| | Qtr1 | Qtr2 | Qtr3 | Qtr4 |
|---|---|---|---|---|
| Lasmuigh de na Príomhtháscairí Feidhmíochta | 41 | 19 | 35 | 40 |
| Laistigh de na Príomhtháscairí Feidhmíochta | 63 | 72 | 84 | 109 |
| % Laistigh de na Príomhtháscairí Feidhmíochta | 61% | 79% | 71% | 73% |

## Ceapacháin i nGráid Ghinearálta, 2022 – Iomlán de réir Ráithe




| | Qtr1 | Qtr2 | Qtr3 | Qtr4 |
|---|---|---|---|---|
| Lasmuigh de na Príomhtháscairí Feidhmíochta | 627 | 1,123 | 899 | 722 |
| Laistigh de na Príomhtháscairí Feidhmíochta | 512 | 461 | 194 | 192 |
| % Laistigh de na Príomhtháscairí Feidhmíochta | 45% | 29% | 18% | 21% |

## Ceapacháin i nGráid Ghairmiúla agus Theicniúla, 2022 – Iomlán de réir Ráithe




| | Qtr1 | Qtr2 | Qtr3 | Qtr4 |
|---|---|---|---|---|
| Lasmuigh de na Príomhtháscairí Feidhmíochta2 | 72 | 116 | 88 | 75 |
| Laistigh de na Príomhtháscairí Feidhmíochta | 90 | 116 | 76 | 70 |
| % Laistigh de na Príomhtháscairí Feidhmíochta | 56% | 50% | 46% | 48% |

# Aguisín II – Ráiteas ar an Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as córas um rialú inmheánach airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, glacaim leis an bhfreagracht atá orm a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach maidir le rialú inmheánach airgeadais á chothú agus á oibriú sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

Cuirtear an fhreagracht seo i bhfeidhm faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil dom agus faoi réir na ndualgas eile atá orm mar Cheannasaí na hOifige. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach a dhearbhú go réasúnach, agus ní go daingean, go bhfuil na hacmhainní slán, go bhfuil cead tugtha maidir le hidirbhearta agus go ndéantar taifead orthu i gceart, agus go gcoisctear earráidí agus mírialtachtaí ábhartha nó go n-aimseofaí iad go tráthúil. Déantar cothabháil ar bhonn leanúnach ar an gcóras um rialú inmheánach airgeadais agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras sin agus ar a éifeachtacht.

***Seirbhísí Comhroinnte***

Tá mo chuid dualgas maidir le riachtanais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus Oifig na Seirbhísí Náisiúnta Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte (m.sh. acmhainní daonna agus seirbhísí párolla) a sholáthar comhlíonta agam.

Tá mé ag brath ar litir dheimhnithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta san Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go gcuirtear na rialacháin chuí i bhfeidhm maidir le seirbhísí comhroinnte párolla a sholáthar don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

***Réimse rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil réimse rialaithe, ina bhfuil na nithe seo a leanas san áireamh, i bhfeidhm.

- Tugadh freagrachtaí airgeadais amach ag leibhéal bainistíochta chomh maith le cuntasacht dá réir.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal inar tugadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun a chinntiú go gcuirtear an gníomh ceartaitheach cuí i bhfeidhm chun iad a cheartú.
- Tá Coiste Iniúchta i bhfeidhm chun comhairle a thabhairt dom agus mo chuid dualgas i leith an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh á gcomhlíonadh agam.
- Tá taifead déanta ar nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialú riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta in áit, lena n-áirítear dualgais a bheith deighilte agus córas de tharmligean agus de chuntasacht agus, go háirithe

- go bhfuil córas cuí buiséadaithe agus buiséad bliantúil ann agus déanann an ardbhainistíocht athbhreithniú air
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú rialta ar thuairiscí airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le meastacháin
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
- go bhfuil córais i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil na córais TFC slán
- go bhfuil treoirlínte rialaithe cuí maidir le hinfheistíocht chaipitil i bhfeidhm chomh maith le córais fhoirmiúla do bhainistíocht tionscadal.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ina bhfuil pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agamsa. Tá an obair bunaithe ar anailís a rinneadh ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí neamhchosanta ina n-aghaidh agus tá na pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla, atá faofa agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm go gclúdóidh na pleananna seo na príomhrialuithe ar bhonn atrátha ar feadh tréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchta athbhreithniú go tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam chun a chinntiú go ngníomhaítear ar na tuairiscí ón bhfeidhm iniúchta inmheánaigh.

***Soláthar***

Deimhním go gcinntíonn an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar gach treoirlíne ábhartha.

Chuir an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí sonraí faoi chúig chonradh neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2020 chuig an Ardreachtaire agus an Ard-Iniúchóir agus chuig an Roinn Caiteachais Phoilbí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

*Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair*

Chloígh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí leis na treoirlínte ach amháin i gcás conartha amháin, a raibh luach iomlán de €46,403 air (gan CBL san áireamh) a bhain le seirbhísí slándála a sholáthar in Áras na Caibidle.

Ghlac an soláthraí leis an bpost ar dtús de bharr molta ó OOP, don tréimhse ina raibh na hoibreacha tógála ar siúl, chun rochtain ar Áras na Caibidle a chinntiú de réir mar ba chuí go príomha. I ndiaidh na paindéime, ar chomhairle an Gharda Síochána, socraíodh gur chóir leanúint leis an tseirbhís de bharr go raibh méadú suntasach tagtha ar iompar frithshóisialta sa cheantar.

Cuirfear conradh nua i bhfeidhm in ionad an chonartha seo nuair a chomhlíontar próiseas soláthair iomaíoch in 2023.

***Creat Riosca agus Rialachais***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig a aithníonn agus a thuairiscíonn rioscaí tábhachtacha agus na gníomhartha bainistíochta atá á nglacadh chun dul i ngleic leo, agus an oiread agus is féidir, na rioscaí sin a laghdú.

Tá clár riosca i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí atá roimh an Oifig agus tá siad aitheanta, measta agus grádaithe de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar an gclár agus ceartaíonn siad é gach ceathrú. Úsáidtear torthaí na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a dháileadh chun a chinntiú go ndéantar bainistíocht ar rioscaí ag leibhéal sásúil. Léiríonn an clár riosca na rialacháin agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a laghdú chomh maith le freagracht a thabhairt do bhaill foirne ar leith maidir le rialú.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmiúla curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialachais in iúl dóibh siúd atá freagrach as iad a cheartú agus don Bhord Bainistíochta, más cuí agus in am. Deimhním gur aithníodh ríoscaí tábhachtacha agus gur cuireadh próisis ábhartha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar na príomhrialuithe seo agus easnaimh ar bith a aithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtúlacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm san Oifig chun súil a choinneáil ar chomh héifeachtach is atá nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe (a ndéantar plé orthu sa chéad chuid eile). Tá monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha

agus lucht ardbhainistíochta na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí, atá freagrach as creat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

***Ceisteanna faoi Rialú Inmheánach Airgeadais***

Ní bhfuarthas aon laige i rialú inmheánach airgeadais i dtaca le 2022 ar gá a nochtú sa chuntas leithreasa.

***Ceisteanna rialaithe a bhaineann le Covid-19***

Rinne an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú ar thionchar leanúnach Covid-19 agus na hoibre hibridí ar chórais rialaithe inmheánacha na hOifige don bhliain 2022. Níor tugadh aon bhearnaí, laigí nó réimse ina bhfuil neamhchomhlíonadh faoi deara. Athraíodh líon beag nósanna imeachta agus córas rialaithe inmheánach chun a chinntiú go bhfeidhmíonn siad go héifeachtach i dtimpeallacht ina bhfuil an obair hibrideach i gceist.

**Margaret McCabe**
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
An 29 Márta 2023